

# Cill Dara Cónasctha

Straitéis Dhigiteach do Chontae Chill Dara suas go 2025

**Meitheamh 2022**

Tag. Doiciméid:

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Table of **Contents**


01 Réamhrá

02 An Comhthéacs Digiteach

03 Polasaí Straitéiseach i dtreo Digitithe

04 Anailís agus Príomhthorthaí

05 Creatlach Stratéise

06 Conclúidí agus Moltaí

**AGUISÍNÍ:**

Gluais

A: Torthaí Suirbhéanna (A1 – Suirbhé Saoránach & A2 – Suirbhé Óige)

B: Fóram Digiteach Chill Dara – Struchtúr agus

# 1 Réamhrá

Is é Cill Dara Cónasctha an teideal don chéad Straitéis Dhigiteach do Chontae Chill Dara. Déanfaidh sí comh-ordú ar na gníomhartha uile le haghaidh forbartha ar sochaí agus geilleagar digiteach comh-oibríoch suas go deireadh 2025. Cuirfidh an straitéis seo le na foinsí, eolas, lionraí agus pleananna atá ann cheana féin, chun sochaí digiteach agus geilleagar a chruthú atá ionchuimsitheach, forchéimnitheach, nuálach agus cónasctha, ar mhaithe le gach saoránach agus gnó i gCill Dara.

Beidh Cill Dara Cónasctha dírithe ar ghníomhaíocht faoi cúig Colún Straitéiseacha:

Colún 1: Geilleagar Digiteach agus Fiontar

Colún 2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascacht

Colún 3: Scileanna Digiteacha agus Litearthacht

Colún 4: Sochaí Dhigiteach agus Cultúr

Colún 5: Seirbhísi Poiblí Digiteacha

Ta ar gach Údarás Áitiúil Straitéis Dhigiteach a chur i láthair agus a fheidhmiú mar phríomh-chuid de pholasaí agus pleanáil áitiúil. Beidh Cill Dara Cónasctha ina fhoinse tacaíochta do polasaithe agus straitéiseacha áitiúla eile, mar Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (PEPÁ), Plean Forbartha an Chontae (PFC), Pleananna Ceantair Áitiúla, Straitéisí Earnála, Pleananna un Ghníomhú ar son na h-Aeráide, Pleananna Forbartha Uirbeacha agus Tuaithe, Turasóireacht agus Áineas agus Plean Corparáideach an Údaráis Áitiúil.

Beidh tionchar agus ionchur aige freisin ar an meid atá idir láimhe maidir le digitiú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear rolladh amach ar Straitéis r-Rialtais agus gníomhartha stratéiseacha eile i dtreo Digitithe. Faoi dheireadh, caithfidh an Straitéis Dhigiteach cinntiú go bhfuil lántairbhe á bhaint as digitiú ag pobail agus geilleagair áitiúla maidir lena n-iomaíochas, comhtháthú agus inbhuanaitheacht.

Beidh sé mar aidhm ag an straitéis dhigiteach seo deiseanna trasfhoirmithe a uasmhéadú ar mhaithe lenar sochaí agus geilleagar, chun cinntiú go beidh Cill Dara ar cheann de na h-ionaid is fearr chun cónaí, oibriú agus infheistiú.

Beidh infreastruchtúr digiteach mar chumasóir an-tábhachtach chun an staritéis a thabhairt chun críche. Beidh infheistiú de €53m i gCill Dara ón bPlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN), agus áirítear leis snáithín mear agus réitigh leathanbhanda thapa eile do bhreis agus 15,000 teach, ionaid gnó, feirmeacha, scoileanna agus saoráidí pobail.


Tugann feidhmiú réiteach digiteacha do thionscnaimh pobail agus cultúrtha deiseanna suntasacha. Léiríonn Ceiliúradh Bríde 1500 atá le teacht, an Páirc Tailte Móna Náisiúnta molta, Leabharlann agus Ionad Cultúrtha nua An Náis agus tionscadail straitéiseacha eile ré tráthúil agus iontach d'fhorbairtí digiteacha ar mhaithe leis an contae.

Beidh Cill Dara Cónasctha mar bhunús do chontae nuálach, ionchuimsitheach, comh-oibríoch agus cónasctha thar na blianta amach romhainn, chun cinntiu go mbeidh gach saoránach in ann páirt a ghlacadh agus leas a bhaint as Sochaí Digiteach forchéimnitheach.

## Ár bhFis

**"Cumasóidh Cill Dara Cónasctha ré le nuálacht, iomchuimsiú, comh-oibriú agus pleanáil cliste, ar mhaithe le gach saoránach, gnó, páirtí pobail agus cuairteoir go Chontae Chill Dara"**

# Léargas ar Chreatlach Dhigiteach Chill Dara




| Colún Straitéise | Priomh-Thionscadail agus Gníomhartha |
|---|---|
| **C1: Geilleagar Digiteach** | • Tacaiochtaí digiteacha d'fhiontar<br>• Straitéis Líonra K-Moil<br>• Foinsí digiteacha inbhuanaithe Chill Dara<br>• Branda Chill Dara a Nuálú agus Forbairt Eagraíochta |
| **C2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascacht** | • Rolladh amach ar PLN agus Uasghrádú ar Teileachumarsáid<br>• Tacaiocht agus Spreagadh do Líonra PNL<br>• IE / Plean 'Ionaid Cliste' |
| **C3: Scileanna Digiteacha agus Litearthacht** | • Forbairt ar Litearthacht Digiteacha agus Scileanna<br>• Scileanna don Todhchaí –Scileanna Lucht Oibre<br>• Clár Digiteach 'Hi' |
| **C4: Sochaí Digiteach agus Cultúr** | • Clár Digiteach i bhForbairt Áitiuil (PEPÁ)<br>• Lionra Sráidbhailte Cliste ar Ghormbhealach na Bearú<br>• Ionchuimsiú Digiteach do Ghach Aois<br>• Tacú Digiteach do Ghníomú ar son na h-Aeráide<br>• Feabhsú ar Fhoinsí Culturtha agus Oidhreachta Chill Dara<br>• Seirbhisí Digiteacha Leabharlanna agus Éalaion<br>• Nascadh Bailte / Malartú Cultúrtha |
| **C5: Seirbhísi Poiblí Digiteacha** | • r-Rialtas / Digitiú agus Soláthar Seirbhísí<br>• Ardáin / tairsigh sonraí foinsí oscailte<br>• Comhthathú ar córais TF istigh agus traenáil neal-bhunaithe don bhfoireann |

# 2 An Comhthéacs Digiteach

Taimid níos mó agus níos mo nasctha leis an sochaí digiteach, le tionchar mór ar gach gné dár saolta ag feidhmeanna digiteacha: ionadú sonraí, conas a ndéanaimid teagmháil, sóisialú, oibriú, foghlaim, fanacht slán agus páirt a ghlacadh i bpolaitíocht agus sa gheilleagar. Déanfaidh sochaí digiteach sláintiúil deiseanna agus rochtain a chur chun cinn, saoránaigh a chosaint, éifeachtúlacht agus eolas a dhíriu agus tacú a thabhairt do bheartais níos fearr agus níos daonlathaí a dhéanamh.

Beidh dearcadh iomlánach ag Straitéis Dhigiteach ar riachtanais na sochaí, agus cruthóidh sí úirlisí, scileanna, infreastruchtúr agus cultúr chun cinntiú no bhfuil an tairbhe is mó is féidir á fháil ag gach saoránach, fiontraí, páirtí pobail agus ag an rialtas ó fheidhmeanna agus infheistiú digiteacha agus teicneolaiochta.

Rinneadh taifead maith le blianta beaga anuas ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar seirbhísí leathanbhanda ardluais. Tá Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do rolladh amach an PLN a éascú, agus aithníonn sí an priomh-ról a bheidh ag leathbhanda i bhforbairt eacnamaíoch agus sóisialta. De réir mar a leanann infreastruchtúr digiteach ag fás, tugann sé cumhacht do phobail agus saoránaigh trí soláthar ar-líne a dhéanamh ar fhaisnéis, acmhainní agus seirbhísí á ofráil ag údaráis áitiúla agus eagraíochtaí stáit, agus ag an earnáil carthanachta / seachbhrabúsach.

Tá sé fíor-thábhachtach go nglacfaidh Cill Dara a páirt trí saoránaigh a spreagadh agus a éascú chun níos mó a dhéanamh le digitiú. Cuirfidh an straitéis le feasacht agus nascanna go traenáil agus tacaíocht do ghnóthaí agus saoránaigh, chun an bearna scileanna a laghdú agus níos mó daoine óga a spreagadh chun dul le gairmeacha beatha digiteacha.




Is féidir le teicneoláiocht digiteach cabhrú le láithreacha agus pobail a dhéanann bainistiú ar fhorbairt spásúil, fás daonra, soghluaisteacht, tionchar ag athrú aeráide agus aistriú go h-inbhuanaitheacht níos mó. Déanfaidh ionaid cliste barrfheabhsú ar pleanáil uirbeach, iompar, fóntais agus seirbhísi pobail. Cuirfidh Pobail Cliste sábháilteacht, inmharthanacht agus comhfhorbairt áite chun cinn, agus nascfaidh siad pobail. Chun an leas is mó a bhaint as an tsochaí digiteach, beidh gá le scileanna agus athruithe cultúrtha ónar saoránaigh, tionscail agus institiúidí. Glacfaidh Cill Dara le na h-aidhmeanna agus deiseanna seo trí straitéis Chill Dara Cónasctha.

# Cad is Straitéis Dhigiteach Áitiúil ann?



## Spásanna Oibre Digiteacha

Spásanna oibre agus moil atá nua-aimseartha, éifeachtúil, comh-oibríoch agus cónasctha, chun freastal ar nósanna oibre agus fiontraithe solúbtha.

## Leathabhanda Ardluais

Déanfaidh an PLN rolladh amach ar leathanbhanda snáithín ardluais do ghach teach agus gnó i gceantair tuaithe agus go PNL




## Teiceolaiochtaí Digiteacha a úsáid

Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, úirlisí, Aipeanna, IE etc., chun tacú le stratéiseacha earnála agus Cill Dara a chur chun cinn.




## Rochtain ar Scileanna Digiteacha

Beidh gach saoránach, pobal agus gnó in ann teacht ar fhoghlaim digiteach ina gceantar féin.





## Spriocanna a chur i bhfeidhm do Dhigitiú

Cuirfidh an Comhairle spriocanna i bhfeidhm d'fhorbairt digiteach ar seirbhísí, e.g. r-pleanáil / tithíocht agus nósanna TF / CF, e.g. Néal / Comhphointe.

# An Diméin Digiteach

- Sochaí Digiteach agus Saoránach
- Scileanna agus Oideachas
- Fiontraíocht / Fánaithe Digiteacha
- Cian-Obair
- Sláinte agus Folláine
- Geilleagar agus Nuálaíocht
- R-Rialtas agus Seirbhísí Poiblí
- Cibearslándáil agus Cosaint Sonraí
- Rialú agus Rialúchán Sonraí
- Pleanáil Pobal Cliste
- Cultúr agus Féilteachas
- Oidhreacht agus Scéalaíocht
- Turasóireacht agua Áineas
- Timpeallacht agus Gníomhú ar son na h-Aeráide
- Fuinneamh agus Teicneolaíocht Ghlas
- Fóntais, Seirbhísí agus Dramhaíl
- Iompar agus Soghluaisteacht
- Pleanáil agus Forbairt Uirbeach
- IE, IS agus Sonraí Móra



# An Comhthéacs Digiteach

# Cill Dara







Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

## Ag déanamh níos mó le Digitiú

Cabhróidh straitéis dhigiteach Chill Dara chun athrú a dhéanamh ar an tslí ina ndéanaimid gnó, idirghníomhú, nuálaíocht agus tairgeadh, agus cruthaitheacht a mhéadú mar sochaí. Cuimsíonn 'Ag déanamh níos mó le Digitiú' an t-éiteas agus an réasúnaíocht d'ár straitéis dhigiteach. Tá riachtanas ag teacht freisin ón Rialtas do ghach údarás áitiúil straitéis dhigiteach áitiúil a fhorbairt agus a fheidhmiú, chun cinntiú go mbeidh gach saoránach, gnó, geallsealbhóir pobail agus eagraíocht páirtithe glactha leis, agus go mbeidh deis acu tionchar a bheith acu ar conas a thiocfaidh an tírdhreach digiteach áitiúil agus an straitéis lena riachtanais sa todhchaí.


# Geilleagar Digiteach d'aon amharc - Dearcadh níos fairsinge

Tá ionchur ollmhór ag digitiú do gheilleagar na h-Éireann, agus seo ag fás go tapa, agus ina chúis le gar do 15% de OTI i 2020, agus ag tabhairt fostaíocht do bhreis agus 100,000 post díreach .

**€40+bn BLC**

Tá formhór de na h-ollchomhlachtaí teicneolaíochta ar domhan lonnaithe in Éirinn, agus i Mór-Cheantar Bhaile Átha Cliath ach go h-áirithe. Tá ceann-áras Eorpach lonnaithe in Éirinn ag 9 as 10 de na comhlachtaí idirlíne is mó.

Tá Éire sa 5ú áit as 27 an AE maidir le forbairt Digiteach agus aibíocht thar 4 priomh-tháscaire – Scileanna / Nascacht / Imeascadh Teicneolaíochta / Seirbhísí Poibli Digiteacha. Tá feabhas tagtha go socair ar áit na h-Éireann ar Innéacs Geilleagair Dhigiteach agus Sochaí (IGDS) óna thabhairt isteach i 2014.




Méadú mor in Infheistiú Teicneolaíochta Rialaithe

**Tuarastail TFC 50% níos airde ná meán-leibhéil pá**

Tagann 26% d'easpórtálacha uilig ó earnála digiteacha

Tá meadú tapa ar Theicneolaíocht an Airgeadais, Seirbhísí Idirlíne agus Anailísiú Sonraí a spreagann fás.

# 3 Tírdhreach Polasaí Dhigiteach

Tá an clár digiteach mar lár-thosaíocht polasaí ag gach leibhéal rialtais le blianta beaga anuas. Ó foilsíodh an chéad Stratéis Dhigiteach Naisiúnta i 2012, tá ardú leanúnach ar bearta digiteacha agus nuálaíochta i bpolasaí.

Láinseáladh an Stratéis Dhigiteach Náisiúnta nua i mí Eanair 2022 (Digitiú á chur chun Tairbhe), a dhéanfaidh díriú agus spreagadh d'aistriú digiteach thar geilleagar agus sochaí na h-Éireann suas go 2030. Cuimsíonn Digitiú á chur chun Tairbhe ceithre tosaíocht ard-leibhéil d'Aistriú Digiteach, lena n-áirítear Aistriú Digiteach i nGnó; rolladh amach ar Infreastruchtúr Digiteach; infheistiú i Scileanna Digiteacha; agus Digitiú ar Seirbhísí Poiblí. Taobh leis an creatlach náisiúnta seo do dhigitiú, tá Nascadh Rialtais 2030, stratéis a foilsíodh le déanaí d'fhorbairt digiteach ar seirbhísí poiblí thar gach leibhéal Rialtais.

Ta béim láidir freisin ar réitigh, infreastruchtúr, scileanna agus nósanna digiteacha sa straitéis Ár dTodhchaí Tuaithe, a láinsealadh i 2021, ina aithnítear go bhfuil straitéiseacha dhigiteacha áitiúla i gcroílar na h-aidhmeanna a bhaint amach. Is iad seo na príomh-aidhmeanna: Infheistiú suntasach in infreastruchtúr cian-oibre chun cinntiú go mbeidh daoine in ann leanúint le cónaí bpobail tuaithe ag iad ag dul ar aghaidh lena mianta slí beatha a bhaint amach; Infheistiú i mbailte agus sráidbhailte tuaithe mar moil do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus sóisialta; Deis éagsúlaithe do gheilleagair tuaithe a aistriú, lena n-airítear trí leathanbhanda ardluais a sholáthar do ghach cuid den tír.

Cahbróidh an polasaí seo le geilleagair agus pobail tuaithe teacht ar ais ó tionchar na paindéime Covid 19, agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a thiocfaidh ó nascadh digiteach feabhsaithe, athghinúint ar láir bhailte, athléimneacht agus ceannasaíocht ó pobail áitiúla agus an t-aistriú go sochaí neodrach ó thaobh carbóin de.



# Polasaí Digiteach agus Straitéis a Ailíniú

Déanfaidh Cill Dara Cónasctha ailíniú agus trasnú le raon leathan de chreatlaigh polasaí ag leibhéil áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, ag léiriú an tábhacht a bhaineann leis an clár digiteach. I measc na priomh-doiciméid polasaí go dtacaíonn Cill Dara Cónasctha leo tá:

- Clár Digiteach d'Eoraip agus an Margadh Aonair Digiteach
- Deich mBliana Digiteach go 2030 agus Compás Digiteach
- Beart Glas don Eoraip agus Pleananna um Ghníomhú ar son na h-Aeráide
- Straitéis Dhigiteach Naisiúnta suas go 2030 - Digitiú a chur chun Tairbhe
- Nascadh Rialtais 2030 – Straitéis TFC do Sheirbhís Poiblí
- Plean Náisiúnta Leathanbhanda 2019 go 2027
- Creat Pleanála Naisiúnta – Tionsacadal Éirinn 2040
- Plean Náisiúnta um Athshlánú Eacnamaíoch 2021
- Polasaí Naisiúnta um Chian-Obair 2021 – Cian-Obair ag Obair
- Fostaíocht in Éirinn sa Tochchaí / Fiontar 2025
- Tionsclaíocht Náisiúnta 4.0 agus Polasaí Speisialtóireachta Cliste
- Digitiú ar GBM in Éirinn - RFTF 2019
- Ár dTodhchaí Tuaithe 2021 go 2025
- Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (TRLO)
- Plean Fiontair Reigiunach an Lár-Oithir 2021 go 2024
- Stratéis Speisialtóireachta Cliste Reigiúnach ag teacht chun cinn (S3)
- PEPÁ Chill Dara
- Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025
- Plean Fiontair Chill Dara go 2024
- Straitéis Mol Chill Dara 2022 go 2025
- Plean Aistrithe Cóir Chill Dara Thiar




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council


## Clár Digiteach d’Eoraip agus Deich mBliana Digiteach go 2030

Tá Clár Digiteach d’Eoraip (CDE) an AE i bhfeidhm agus ag teacht chun cinn le beagnach deich mbliana, agus is ceann de na seacht príomh-thionscnamh faoi strateis ‘Eoraip 2020’ é. Fócasann sé ar theicneolaíochtaí agus seirbhísi ar-líne a ligfidh don Eoraip poist a chruthú agus rath eacnamaíoch a chur chun cinn. Féachann sé le feabhas a chur ar saol laethúil saoránach agus gnóthaí an AE, tríd an Margadh Aonair Digiteach a fheidhmiú. Is iad seo leanas príomh-ghnéithe ar dhul chun cinn faoi aidhmeanna an Margaidh Aonair Digiteach:

1. Nascacht (Infreastruchtúr Leathanbhanda agus Teileachumarsáide);
2. Caipiteal Daonna (Scileanna agus Litearthacht Digiteach);
3. Usáid Seirbhísi Digiteacha (Páirtíocht Digiteach);
4. Imeascadh Teicneolaiochta Digiteacha (TFC agus Nuálaíocht á ghlacadh ag Fiontar);
5. Seirbhísí Poiblí Digiteacha (r-Seirbhísí Éifeachtúla agus Inrochtana).

Cuireann Deich mBliana Digiteach go 2030 agus Compás Digiteach araon leis an Straitéis Dhigiteach AE 2020, a fhéachann le 3 priomh-phrionsabal a chur chun cinn:

1. Teicneolaíocht a oibríonn don phobal;
2. Geilleagar Digiteach atá cothrom agus iomaíoch; agus
3. Sochaí atá oscailte, daonlathach agus inbhuanaithe.



“CAITHFIDH GNÓTHAÍ DUL LEIS AN DUL CHUN CINN AG TEICNEOLAÍOCHT DIGITEACH, AGUS CINNTIÚ GO NDÉANANN SIAD BAINISTIÚ AR A LUCHT OIBRE SCAIPTHE AGUS GIARÁIL AR SLÁNDÁIL DÍOS DLÚITHE, DE RÉIR MAR A THÉANN SONRAÍ GNÓ I MEID MAR CHÚIS IMNÍ DO GHNÓTHAÍ”

# Tacú le Polasaithe, Straitéisí agus Pleananna Áitiúla

Beidh an Straitéis Dhigiteach mar acmhainn tacaíochta do phriomh-thosaíochtaí agus aidhmeanna, mar a léirítear iad sa diméin polasaí áitiúil, lena n-áirítear an Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (PEPÁ), Dréacht-Phlean Forbartha an Chontae, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, Straitéisí Earnála éagsúla, Straiteis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara (Cill Dara 2025), an Plean Áitiúil um Ghníomú ar son na h-Aeraide, Plean Aistrithe Cóir Chill Dara Thiar, Plean Seirbhísi Leabharlainne Chill Dara go 2022, Straiteis Cultúrtha agus Cruthaitheachta Chill Dara / Éire Ildánach, Pleananna Turasóireachta agus Áineasa agus Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara.

Léireoidh sé freisin, agus rachfaidh sé le, an méid atá idir láimhe maidir le Digitiú ar leibhéil naisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear rolladh amach ar Straitéis r-Rialtais agus tionscnaimh straitéiseacha TFC eile.

Faoi dheireadh, caithfidh an Straiteis Dhigiteach cinntiú go bhfuil an leas is mó a bhaint ag pobail agus geilleagair aitiúla as digitiú, dá iomaíochas, comhthatú agus inbhuanaitheacht, trí teicneolaíochtaí digiteacha a fheidhmiú, agus cinntiú go bhfuil rochtain ag saoránaigh ar na h-úirlisí agus na scileanna chun bheith lán-pháirteach sa tsochaí digiteach.




**Fiontar Digiteach** · **Cruthaitheacht agus Cultúr** · **Timpeallacht agus Áiseanna** · **Pobail Nasctha** · **Forbairt Eacnamaíoch**

# 4 Anailís agus Príomhthorthaí

Thar gach céim den chlár taighde agus comhairliúcháin rinneadh roinnt de breathnuithe agus torthaí maidir le comhthéacs digiteach Chill Dara. San alt seo léirítear an t-anailís agus faisnéis seo chun próifíl a chruthú de socmhainní straiteiseacha agus riachtanais Chontae Chill Dara sa ríocht digiteach le 3 go 5 bliain amach romhainn. Tugtar fianaise agus torthaí breise ón bpríomh-taighde agus na h-aighneachtaí ón gcomhairliúcháin poiblí le sonraí níos mó in Aguisín A den tuairisc straitéise seo.

Tá dúbailteacht uirbeach / tuaithe mar saintréith ag Contae Chill Dara, le na deiseanna agus na dúshláin a théann le sin. Is féidir le digitiú bheith ina mhór-leibhéalaí chun seirbhísí poiblí níos fearr, agus páirtíocht sa gheilleagar agus sochaí digiteach bheith inrochtana do ghach saoránach, a chinntiú.

Tá cuid mór de dhaonra Chill Dara faoi thionchar eiceachórais theicniúil Mhóir-Cheantair Bhaile Átha Cliath, le líon mór de mhór-fhostóirí teicniúla ag feidhmiú in oirthuaisceart an chontae. Tugann an nasc seo leis an geilleagar digiteach suíomh uathúil do Chill Dara chun leas a bhaint as, agus tionchar a bheith aici ar, an geilleagar a dhíriú i dtreo méadaithe an eicechórais domhanda seo.

Tá mór-socmhainní institiúideacha, OMN agus SMNRLO, i gCill Dara chomh maith le rochtain díreach ar phriomh-saoraidí eile mar OTOD (Ceatharlach) agus IAO bunaithe i mBaile Átha Cliath. Éascfaidh na h-áiseanna faisnéise seo aistriú tapaidh go sochaí digiteach lánaibí.

Ta daonra óg, oilte, dinimiciúil agus ag fás go tapa i gCill Dara, agus cuireann seo í in áit inmhaíte maidir le forbairt an lucht saothair agus fás fiontair sa todhchaí.

Tá socmhainní Cultúrtha, Oidhreachta agus Turasóireachta Chill Dara á thabhairt chun cinn le Eispéireas Scéalaíochta agus Cuairteorachta nua mar Réaltacht Fhíorúil, suíomhanna gréasáin agus Aipeanna nua. Tá ré nua fionnachtana ag dul ar aghaidh, a ghlacann le teicneolaíocht agus a thugann mór-dheiseanna digiteacha.

Tá Nascacht agus Infreastruchúr digiteach Chill Dara imithe ar aghaidh go maith cheana féin, mar a léirítear ag an léibhéil measartha íseal a tharla sa chontae faoin PLN. Cé gur léiritheoir láidir é seo, tuigtear as freisin gur cheart aire práinneach agus deimhnithe a thabhairt do na h-earnála atá ag titim chun deiridh, chun cothrom na Féinne a thabhairt do chách, maidir le nascacht.



# Socmhainní Digiteacha Chill Dara

## Leabharlanna Poiblí

- Baile Átha Í
- Béal Átha an Tuair
- Díseart Diarmada
- Cill Droichid
- Claonadh
- Clocha Rince
- Cill Chóca
- Cill Chuillinn
- Baile Chill Dara
- Léim an Bhradáin
- Maigh Nuad
- Mainistir Eimhín
- An Nás
- Droichead Nua
- Ráth Iomgháin

## Príomh-Infreastruschtúr agus Seirbhísí Digiteacha


- Líonra Ceantair Bhardasaigh (LCB)
- Pointe Nasctha Leathbhanda (PNL)
- Ball Te Wifi Poiblí
- Mol Comhoibrithe / Digiteach
- Leabharlann Poiblí

## PNL – *Connected Communities*

Ionad Pobail na Cloiche Móire, Díseart Diarmada

PNL Bhaile an Chrócaigh, Baile an Chrócaigh

Páirc Oidhreachta agus Thaiscéalaíochta na Loilí Móire, An Loilíoch Mhór




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Príomh-Thortaí agus Teachtaireachtaí ón Taighde

Tá ról larnach agus criticiúil bainte amach ag digitiú i saol saoránach i gCill Dara le dhá bhliain anuas ach go h-áirithe. Thug teicneolaíocht digiteach agus fíorúil líne tharthála a chuir ar chumas saoránach agus pobal leanúint le dul ar aghaidh agus dul i ngleic thar na paindéime. Tabharfaidh an leagáid seo ardán láidir don straitéis dhigiteach chun dul ar aghaidh. Níl seo uathúil do Chill Dara, ach tá sé an-soiléir sa chontae.

Rinneadh roinnt maith oibre agus dul chun cinn go dtí seo i gCill Dara i dtreo creatlach agus infreastruchtúr a chruthú a thabharfaidh tacú do phríomh-earnála agus d'earnála atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear digitiú agus teicneolaíocht. Feidhmíonn príomh-thionscadail mar áis SMNRLO san Nás mar mol réigiúnach do ghnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta agus d'fhiontraithe. I measc na bpáirtithe tá Fiontar Éireann, OFÁ Chill Dara, Oibreacha Maigh Nuad, An Fóram Réigiúnach um Scileanna agus Comhlachas Chill Dara.


Ta ceannasaíocht agus réitigh chliste á thabhairt ag Oibreacha Maigh Nuad agus ag an Institiúid um Luach Nuálaíochta (ILN) ag Ollscoil Maigh Nuad (OMN) i ngor teicniúil, nuálaíocht agus aistriú eolais, trasfhoirmiú digiteach agus tráchtálú taighde, i raon de réimsí teicneolaíochta lena n-áiritear Imdhíoneolaíocht, Leictreonaic, Róbataic agus Intleacht Shaorga (IS), agus earnála lena n-áirítear r-sláinte, Teicneolaíocht Airgeadais, Teicneolaiocht Bia, Cathracha Cliste agus iompar agus soghluaisteacht.

Tá tacú á thabhairt d'earnála eile atá ag teacht chun cinn, mar an Gheallagair Ghlas, ón gCiste Aistrithe Chóir (CAC) ag Páirc Fiontair Fhiodh Alúine, le áiseanna do ghnólachtaí nuathionscanta agus infheisteoirí sa gheilleagair dícharbónaithe sa todhchaí. Tacóidh an CAC freisin le cur chun cinn Gormbhealaigh na Bearú mar cheann spríce turasóireachta glas digiteach-cumasaithe, a maolóidh athrú aeráide, a méadóidh bithéagsúlacht, a chuirfidh rochtain breise ar fáil d'fhostaíocht áitiúil agus deiseanna forbartha, agus a fheabhsóidh beatha sóisialta agus eacnamaíoch pobal áitiúil i gCill Dara Thiar.

Tá leibhéal ard de ghlacadh digiteach soiléir thar an phobal, le úirlisí digiteacha agua glacadh digiteach comhthaíte go maith in obair agus gníomhaíocht beagnach gach eagraíochta agus ghrúpa. Tá dea-chleachtas i dtionscnaimh digiteacha pobail i bhfeidhm cheana féin i gCill Dara trí thionscnaimh mar Scéalta Pobail Chill Dara, tionscadal Ambasadóirí Digiteach Aoisbháúla Leabharlainne Chill Dara agus an tionscnaimh traenála nua, Sráidbhailte Cliste, atá á fhorbairt in iarthuaisceart an chontae thar conair spríce Gormbhealaigh na Bearú.

Tá tosach déanta ar Chlaochlú Digiteach i gComhairle Chill Dara, agus é ag dul ar aghaidh go maith in earnala éagsúla mar réitigh TC, glacadh le ardáin néil agus feidhmithe gréasáin, e.g. tairseach 'consult.Kildare'. Tá an chéad chéim eile de seirbhísí digiteacha poiblí á fheidhmiú i gcomhréir le treoiriú agus tacaíocht Rialtais, agus ciallaíonn seo go mbeidh spriocanna fíor-uaillmhianacha maidir le glacadh digiteach agus soláthar seirbhísí i bhfeidhm le linn saolré na straitéise seo.

Tá páirtíocht digiteach íseal fós i measc roinnt de ghrúpaí agus pobail sóisialta, de bharr dúshláin maidir le litearthacht digiteach agus eisiamh digiteach. Is cosúil go mbeadh roinnt de ghrúpaí mionlach eitneach, daoine breacaosta, pobail tuaithe, luathfhágálaithe scoile agus daoine ag maireachtáil i mbochtanas san áireamh anseo.



# Láidreachtaí




- Tá glacadh fairsing le teicneolaíochta agus feidhmeanna digiteacha thar an tsochaí le blianta beaga anuas, géaraithe ag an paindeim, chun bacainní fisiciúla a sharú. Thug seo cumas don phobal agus d'fhiontar feidhmiú ar léibhéal níos airde, agus níos éifeachtúla.
- Tá daonra óg, ag fás agus sár-oilte i gCill Dara. Dá bharr sin, tá tasc an tsochaí a ullmhú le haghaidh lán-páirtíochta san aois digiteach imithe níos mó chun cinn, agus le dóchúlachtaí níos fearr chun leas a bhaint as deiseanna digiteacha.
- Ta leibhéal ard de dhigitiú ar seirbhísi Chomhairle Contae Chill Dara, e.g. seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon, Clair Deontais, consult.Kildare, agus rolladh amach seirbhísí breise ar-líne le r-Rilatas 2030 / Straitéis TFC na h-Earnála Poiblí.
- Tá soláthar láidir IAO i scileanna ard-leibhéil agus T&F / Nualaíochta i gCill Dara nó gar di – OMA / OTOD Cheatharlach / IAO i mBaile Átha Cliath.
- Tá forbairt maith ag infreastruchtúr iompair agus cumarsáide i gCIll Dara do chuid mór de chontae, lena n-airítear bóithre, bóthar iarainn, teileachumarsáid agus leathanbhanda agus fuinneamh.
- Tá earnáil teicneolaíochta mór, agus ag fás, i gCill Dara, lena n-áirítear Intel agus Campas Nualaíochta Chill Dara (iar-ionad HP, Léim an Bhradáin) agus bunús bríomhar dúchasach de ghnólachtaí teicneolaíochta scaipthe ar fud an chontae.
- Tá áiseanna fairsinge Cian-Oibrithe / Comh-Oibrithe agus Tosaithe ar fud an chontae – Líonra Moil-CD. Ligfidh an t-infreastruchtúr agus an timpeallacht tacaíochta seo do chónaitheoirí i gCill Dara oibriú gar dá bhaile, agus spreagfaidh siad gnólachtaí nua agus nuálacha chun tosnú agus lonnú i gCill Dara, seachas i mBaile Átha Cliath.
- Tá cultúr láidir bunaithe i gCill Dara maidir le comh-pháirtíocht agus comh-oibriú thar na h-earnála reachtúla, pobail agus príobháideacha, ag dul le mór-chuid de thionscnaimh agus tionscadail rathúla i réimse digiteach. Ligfidh seo d'fheidhmiú réidh agus muiníneach ar raon mór d'fheidhmithe faoi Straitéis Dhigiteach Chill Dara thar na blianta amach romhainn.

# Laigí




- Tá infreastruchtúr agus soláthar seirbhísí tuaithe i gCill Dara, lena n-áirítear leathanbhanda agus teileachumarsáid, ar chúl chroíláir uirbeach an chontae. Is fianaise é seo ar Dheighilt Dhigiteach atá ag fás, agus go gcaithfear dul i ngleic léi tríd an Straitéis Dhigiteach.
- Ta brú ar fhorbairt agus éileamh ar thithíocht agus seirbhísí comhchruinnithe den chuid is mó i gceantair uirbeacha thar conairí an M4 agus an M7, le ganntanas éilimh agus praghasanna níos lú i dtuaisceart agus iarthar an chontae. Is fianaise é seo ar meath tuaithe, go gcaithfear dul i ngleic leis trí soláthar seirbhísí digiteacha, nuálaíocht agus cur chun cinn.
- Níl ach clúdach beag ag líonra PNL Chill Dara, agus ní chuireann sé seirbhís criticiúil ar fáil i gceantar idirghabhála an PLN. Ta an múnla 'Pobail Cónasctha' tábhachtach do ghach pobal, chun go mbeadh pointí teagmhála digiteacha an-logánta acu, agus chun tacaíochtaí digiteacha neamh-fhoirmiúla a sholáthar.
- Ta fianaise go bhfuil nascacht lag i gceantair tuaithe i gCill Dara i dteileachumarsáid agus leathanbhanda araon. Tiocfaidh deighilt dhigiteach, agus deis neamh-chothrom chun bheith páirteach sa gheilleagar agus sa tsochaí digiteacha, as seo.
- Tá ganntanas ar na scileanna digiteacha agus caipiteal daonna chun teacht ar riachtanais an gheilleagair digiteach, atá ag fás go tapa, agus cé nach bhfuil an chás seo uathúil do Chill Dara, caithfear dul i ngleic le na bearnaí scileanna seo tríd an Straitéis Dhigiteach.

# Deiseanna




- Tugann leibhéal glactha dhigitigh thar pobal agus sochaí ardán láidir do thionscnaimh digiteacha sa todhchaí.
- Tá traenáil Pobal Digiteacha idir láimhe ag Comhlacht LEADER Chill Dara. Tógfaidh an traenáil píolótach seo na scileanna agus an cumas san earnáil pobail chun tionscadail digiteacha cliste a dhearadh agus a eagrú, dírithe ar riachtanais faoi leith na bpobal óstacha.
- Tabharfaidh Institiúidí Digiteacha Baile / Faisnéis agus Tacaíócht e.g. ILN / SMNRLO / Saibhreas Digiteacha / Rochtain ar Domhan / Isteach i gCill Dara próifíl náisiúnta do Chill Dara mar cheannasaí i bhforbairt dhigiteach.
- Bainfidh aistear digiteach Chill Dara leas as phríomh-polasaithe náisiúnta a thugann Treoiriú agus Tacaíochtaí Digiteacha, ina measc an Creatlach Digiteach Náisiúnta nua, Digitiú á chur chun Tairbhe agus Nascadh Rialtais 2030.
- Tabharfaidh PEPÁ nua deis chun soláthar Straitéise Digitigh Chill Dara a mhéadú agus a chur chun cinn, trí comhpháirtíocht láidir le úsáid á bhaint as struchtúr an CFPÁ.
- Déanfar soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí a mhéadú go Chill Dara tuaithe, ag baint úsáid as úirlisí seirdhíse cliste digiteachta, go h-airithe trí Líonra na Leabharlanna agus moil seirbhíse pobail eile.
- Taispeanfaidh an tionsacadal Chiste Aistrithe Chóir i bhFíodh Alúine glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha agus nua i gclár dícharbónaithe agus glas, mar aon le éispéaras cuairteoirí agus scéalaíocht digiteach ar oidhreacht agus cultúr áitiúil an cheantair.
- Tugann Sonraí Oscailte deis iontach chun pleanáil don todhchaí trí úirlisí amharcléirithe agus sonraí fíor-ama a úsáid chun eolas a chur le raon fairsing d'fheidhmithe bainistíochta agus forbartha.
- Osclóidh cibearshlándáil agus cosaint ar sonraí pearsanta agus Teicneolaíocht Rialála deiseanna nua d'eagraíocthaí agus don tsochaí éispearais digiteacha níos fearr agus níos sábhailte a chruthú.

# Bagairtí

- Beidh tionchar ar Chill Dara ag gach bagairt náisiúnta / domhanda, mar ionsaithe cibearshlándála, cór chun donais eacnamaíoch, fadhbanna slándála agus marbhántacht nuálaíochta.
- Is rioscaí reatha iad Neamhionannas Digiteach agus Eisiamh Digiteach, le seans go bhfágfaidh digitiú leanúnach sochaí roinnt de ghrúpaí níos imeallaithe agus níos iargúlta.
- Is féidir go dtabharfadh dúshláin tithíochta áitiúla agus fadhbanna soláthair oibre i gCill Dara bagairt don chumas chun na deiseanna a bhaineann le forbairt dhigiteach a aimsiú go for-iomlán.



# Machnaimh ón Taighde agus Comhairliúchán

Tá aistriú digiteach ar leibhéal fiontair nó institiúideach imithe i méid le blianta beaga anuas, go pointe anois ina bhfuil sé mar phríomh-ghné de pholasaí an rialtais, taobh le Gníomhú ar son na h-Aeráide agus an clár dícharbónaithe. Taispeántar seo in iomadú polasaithe agus straitéiseacha a bhaineann le digitiú atá ag dul ar aghaidh ó thosach na paindéime, agus iad go léir le béim láidir ar éifeachtúlacht, fuinneamh, athshlánú, athléimneacht agus daonlathas.

Ar an dea-uair, tá an timpeallacht polasaí do Straitéis Dhigiteach Chill Dara saibhir agus tráthúil, agus tá tacaíochtaí agus maoiniú ar fáil i rith an ama chun an claochlú digiteach seo a sholáthar.

I gCill Dara tá líonra an-chruinn de pháirtithe soláthair agus geallsealbhóirí, leis an clár digiteach a thiomáint acu ar leibhéal fiontair agus sochaí, agus tá comh-oibriú ina phríomh-ghné thar beagnach na tionscnaimh nua go léir. Taobh le foirne TF agus Digiteacha Chomhairle Contae Chill Dara, tá Seirbhís na Leabharlainne, LPP Chill Dara, OFÁ Chill Dara, Comhlachas Chill Dara, Ollscoil Maigh Nuad / ILN agus líon mór d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile fócasaithe ar chomh-oibriú chun seirbhísí, réitigh agus tacaíochtaí digiteacha a sholáthar.

Beidh an líonra faisnéise agus comhoibrithe seo mar phríomh-áis in athchóiriú an PEPÁ níos déanaí i 2022 agus meastar go mbeidh Straitéis Dhigiteach Chill Dara agus a aidhmeanna agus gníomhartha chun tosaigh sa phríomh-chreatlach áitiúil seo.

Tá an Clár Digiteach leabaithe thar gach earnáil den tsochaí le blianta beaga anuas, go dtí go bhfuil úirlisí digiteacha anois mar thiománaí criticiúil do na feabhsúcháin, nuálaíochta agus réitigh chun pobail níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithe a chruthú. Is féidir an claochlú seo a fheiceáil i réimsí mar r-sláinte agus teileasláinte, teicneolaíochtaí cúntacha, líonraí pobail digiteacha agus teacht Pobal Cliste mar mhúnla do phobail cumasaithe go digiteach chun tabhairt faoi cheisteanna leithlisithe tuaithe agus sóisialta. Tá sé criticiúil go leanfaidh an tsochaí shibhialta le tabhairt faoi na deiseanna a thabharfaidh claochlú digiteach do ghach pobal thar na blianta amach romhainn.

Cé go bhfuil na buntáistí don tsochaí a thagann ó chlaochlú digiteach soiléir agus tuigthe go maith thar ama, tuigtear níos mó agus níos mó go gcaithfimid teacht ar chlaochlú digiteach a oibríonn do chách, agus fanacht amach ó méadú breise ar an deighilt digiteach atá ann cheana féin, nó neamhionannais nua a chruthú.

Tá imní ag fás i measc eagraíochtaí sochaí sibhialta ar leibhéil áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, go bhfuil grúpaí sóisialta éagsúla á fhágáil ar chúl ag an claochlú digiteach, go h-áirithe daoine breacaosta, daoine le leibhéil íseal d'oideachais, ar ioncaim íseal, agus daoine ina gcónaí i gceantair tuaithe. Ní dheanfaidh éiteas 'digiteach amháin' do soláthar seirbhísí ach eisiamh na grúpaí seo a ghéarú, agus, mar sin, beidh orainn dearcadh níos tomhaiste a fhorbairt, bunaithe ar rogha agus tacú neamh-digiteach más gá.

# 5 Creatlach Straitéise Digiteacha




Bainfidh Cill Dara úsáid as an Straitéis Dhigiteach seo chun roinnt de ghníomhartha agus aidhmeanna ón bpobal agus an tsochaí shibhialta, agus ó réimsí fiontair, oideachais, cultúrtha agus timpeallachta a thabhairt le chéile, agus dearcadh digiteach a chur le gach gné d'fhorbairt.

Cabhróidh an Straitéis le bealach a bhaint amach do thosaíochtaí an todhchaí agus feidhmiú a dhéanamh ar chonas a dháileann an contae a socmhainní agus conas a chomh-oibríonn sí do thodhchaí níos nuálacha níos cruthaitheach agus ar bheag charbóin. Tabharfaidh sé faoi ceisteanna maidir le iargúltacht agus meath tuaithe, nuálaíocht eacnamaíoch, cultúr agus turasóireacht a chur chun cinn agus dícharbonú, cosaint timpeallachta agus éifeachtúlacht fuinnimh. Beidh roinnt de na dúshláin seo lasmuigh de scóip na Straitéise Digiteacha, ach cuirfear neart agus feabhas orthu trí fhorbairt ar scileanna digiteacha, glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha lionraí chomh-oibríocha de phobail cliste a chruthú agus infheistíocht in infreastructúr agus nascacht digiteach.


Beidh Comhairle Contae Chill Dara, tríd an bhFoireann Forbartha Digiteacha agus an Rannóg TF, mar cheannasaí ar ghníomhú agus feidhmiú ar an straitéis dhigiteach. Mar sin féin, beidh raon de pháirtithe ó na h-earnála reachtúil, pobail agus príobhaideach fíor-thábhachtach don comh-phairtíocht le haghaidh forbartha digiteacha. Togfaidh Fóram Digiteach Chill Dara, le páirtithe ó thar an tsochaí sibhialta, an pobal gnó, oideachas agus reimsí eile, an clár digiteach dá líonraí, agus cinnteoidh siad go bhfuil na tionscadail agus na sochmhainní ábhartha agus dírithe chun aidhmeanna na Straitéise Digiteacha a bhaint amach. Déanfar iad seo a sholáthar faoi na cúig colún téamach, ag páirtithe agus eagraíochta atá san áit cheart chun cheannasaíocht agus soláthar a shocrú. Tá forléargas ar an gcreatlach d'Fhóram Digiteach Chill Dara le fáil in Aguisín B.

## Colún 1: Geilleagar Digiteach

Léiríonn *Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025* agus *Plean Fiontair Chill Dara* an creatlach polasaí don gheilleagar digiteach, lena n-áirítear soláthar a dhéanamh ar thacaíochtaí nuálaiochta, moil fiontair, scileanna digiteacha do GBM agus tionscnaimh comh-oibríocha le páirtithe oideachais agus tionscail, ag dul chun forbairt earnála agus Speisialú Cliste i dtionscal. Ta institúidí agus tionscnaimh mar OMA / ILN, OTOD, BOOCDCM agus SMNRLO mar phríomh-shamplaí d'fhorbairt don gheilleagar digiteach, agus tabharfaidh Cill Dara Cónasctha glacadh agus tacaiocht dóibh.

## Colún 2: Infreastruchtúr Digiteach

Beidh Infreastruchtúr Digiteach mar bhun-tacú do ghach gné den Straitéis Dhigiteach. Gan leathbhanda tapa agus iontaofa agus clúdach líonra gutháin póca den scoth, ní bheidh saoránaigh, gnóanna agus scoileanna in ann tairbhe iomlán a bhaint as digitiú agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar digiteach. Is idirghabháil measartha íseal e rolladh amach an PLN, ach beidh sé criticiúil do na cheantair i gceist. Eascóidh seo r-fhoghlaim, cian-monatóireacht ar bheostoc nó fearas, tionscnaimh r-shláinte, feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh sa bhaile agus leibhéil ardaithe de chian-obair. Beidh páirt ag príomh-infreastruchtúr eile, mar teileachumarsáid agus réitigh cliste eangach fuinnimh, sa chlár infreastruchtúir agus nasctha. Ar leibhéal an phobail, caithfidh an lionra PNL feidhmiú mar phríomh-phointí seirbhísí leathbhanda go dtí go ndéanfar rolladh amach snáithín do ghach áitreabh faoi dheireadh.




## Colún 3: Scileanna Digiteacha

Tá scileanna digiteacha agus litearthacht mar phríomh-théamaí tacaíochta don straitéis. Déanfaidh scileanna digiteacha éascaíocht ar na h-aidhmeanna go léir sa gheilleagar agus sochaí digiteach. Ina measc seo beidh bun-scileanna TF suas go scileanna teicniúla ard-leibhéil, agus déanfar iad seo a sholáthar thar gach colún den straitéis ag soláthróirí lena na n-áirítear OMN, OTOD agus BOOCDCM.

## Colún 4: Sochaí Digiteach agus Cultúr

Cuimsíonn an Colún Sochaí agus Cutúir raon éagsúil de téamacha agus aidhmeanna. Baineann an tSochaí Digiteach le na bealaí ina mbíonn tionchar ag teicneolaíocht digiteach ar saol na saoránach, agus conas a dhéanaimid idirghabháil, casadh lena chéile, foghlaim, páirt a ghlacadh i bpobail agus i saol sibhialta agus cultúrtha, agus pobail níos cliste, níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithe a chruthú. Cé gur príomh-áisitheoir é teicneolaíocht digiteach do saoránaigh, caithfear tabhairt faoi deara freisin na dúshláin a thagann as digitiú, mar cheisteanna sábhailteachta ar-líne, agus an féidearacht go bhfágfar roinnt de ghrúpai sochaí ar chúl, agus iad a chomeád amach ónár saolta ina bhfuil digitiú ar dul ar aghaidh agus ar aghaidh. Tabharfaidh Straitéis Dhigiteach Chill Dara faoi na ceisteanna seo trí Pobail Cliste, r-Sláinte, Scileanna Digiteacha agus tionscnaimh eile a thacaíonn le páirtíocht digiteach. Leirítear i gColún 4 an ofráil saibhir Cultúrtha, Oidhreachta agus Turasóireachta atá ar fáil i gCill Dara, agus na deiseanna tábhachtacha atá ar fáil anois d'fhorbairtí straitéiseach san earnáil seo, agus an ról lárnach atá ann do theicneolaíochtaí digiteacha sa réimse seo.

## Colún 5:Seirbhísí Poiblí Digiteacha

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Dara forbairt agus tógáil ar an bhFoireann TF, leanfaidh sí le leibhéal ard de seirbhis do chustaiméirí, bogfaidh sí ó sonraí agus feidhmheanna áitreabh go dtí an néal, cruthóidh sí timpeallachta TF slán agus comhlíontach, forbróidh sí feidhmeanna féin-seirbhíse do Shaoránaigh agus Comhaltaí araon, tacóidh sí le cultúr Atheagraithe ar Phróisis, agus tacóidh sí le Tionscnaimh Glasa mar cian-obair agus oifigí gan pháipéir.

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

## Colún Straitéiseach

**C1: Geilleagar Digiteach** > **C2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascadh** > **C3: Scileanna Digiteacha** > **C4: Sochaí Digiteach agus Cultúr** > **C5: Seirbhísí Digiteacha**

## Príomh Thionsacadail agus Gníomhartha Digiteacha



### C1: Geilleagar Digiteach

- Digitiú thar bunús GBM
- Ath-smaoineamh / Athdhearadh ar ILN (áis agus tacaíochta digiteacha do GBM)
- Oifig satailíte SMNRLO ag OMA
- Forbairt ar líonra Mol-CD ag CCCD / OFÁ
- Cill Dara Inbhunaithe – Comhlachas Chill Dara
- Scileanna Digiteacha sa todhchaí – Scileanna Lucht Saothair sa todhchaí
- Brandáil Nuálaíochta Chill Dara agus tionscadail soláthair seirbhísí

### C2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascadh

- Rolladh amach PLN do phobail tuaithe agus gann-seirbhísithe
- Spreagadh d'éileamh ar PNL – socrú ar fadhbanna PNL agus lán-fheidhmiú a chinntiú
- Plean Forbartha d'Infreastruchtúr Teileacumarsáide
- Teicneoláiochtaí IE i bpleanáil bailte cliste i bhfeidhmiú scéimeanna T&RF sa todhchaí

### C3: Scileanna Digiteacha

- Litearthacht Digiteach – bun-tacaíochtaí litearthachta digiteacha agus ranganna do shaoránaigh, á sholathar trí raon leathan d'eagraíochtaí agus grúpai
- Scileanna Digiteacha don Todhchaí: Comh-oibriú thar FSR, BOOCDCM, CCCD, CTCD, OMA, OTOD, LPCCD
- Suirbhé lucht saothair – athbhreithnithe agus tuairisciú ar bhonn tréimhsiúil

### C4: Sochaí Digiteach agus Cultúr

- Scéalta Pobail Chill Dara – ardán digiteach a chuireann gníomhú pobail i láthair
- Sráidbhailte Cliste – clár nua um acmhainn an phobail á fhorbairt i gCill Dara Thiar Thuaidh
- Ambasadóirí Digiteacha Leabharlainne Chill Dara – ionchuimsiú digiteach do dhaoine breacaosta i leabharlanna
- RF Finscéalta Chill Dara – eispéireas RF úrscothach de stair meán-aoise Chill Dara
- Cultúr Chill Dara – ardán digiteach do thaispeantais ceoil beo

### C5: Seirbhísí Digiteacha

- Seirbhísí Leabharlainne Chill Dara a fheabhsú trí raon leathan de seirbhísí ar-líne, turais fíorúla agus úirlisí digiteacha
- Digitiú leanúnach ar seirbhísí do saoránaigh, cliaint agus comhaltaí, chun soláthar a fheabhsú
- Rolladh amach leanúnach ar ardáin r-Rialtais náisiúnta – r-phleanáil
- Cur chuige 'Néal ar dTús' a thógail do ghníomhú ar fheidhmeanna gnó sa todhchaí
- Soláthar faisnéise feabhsaithe do shaoránaigh agus comhaltaí trí gréasáin, tairsigh agus ardáin CFG
- Dea-phróisis rialaithe sonraí a fheidhmiú chun tacú le cosaint sonraí agus foilsiú sonraí oscailte.

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Colún1: Geilleagar Digiteach

Tá teagmháil suntasach le blianta beaga anuas leis an bpobal gnó agus le geallsealbhóirí fiontair i dtreo nuálaíochta, digitithe, scileanna sa todhchaí agus tacaíochtaí don gheilleagar cliste. Is comhpháirtí forchéimnithe é OFÁ Chill Dara i soláthar Phlean Fiontair Réigiúnach an Lár-Oirthir, lena n-áirítear tionscadail mar SMNRLO san Nás. Tá Ollscoil Maigh Nuad chun tosaigh ar scileanna sa todhchaí agus tráchtálú teicneolaíochta agus faisnéise. Tá ceannasaíocht agus faisnéis á thabhairt ag Comhlachas Chill Dara thart ar fiontar inbhuanaithe agus réitigh ghlasa. Is príomh-chuid de seo soláthar ionad oibre agus tacaíocht do chian-obair, chomh maith le ullmhacht d'infheistiú agus forbairt ar buanna agus scileanna. Ag comh-oibriú le chéile, tá branda agus ardán nua 'Nuáil Cill Dara' á chruthú ag na páirtithe fiontair seo faoi Líonra Pobail Chontae Chill Dara, chun Cill Dara a chur chun cinn mar ionad le haghaidh conaí, oibre, staidéir agus infheistithe. Beidh tógáil cnuasach digiteach agus líonraí earnála mar mhór-chuid de na h-iarrachtaí thar na blianta romhainn chun cabhrú le cultúr nuálaíochta agus comh-oibrithe a leabú sa bhunús fiontair i bhfíor-eiceachóras digiteach i gCill Dara.




## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Faisnéis agus teicneolaíocht a uasmheadú, agus foghlaim digiteach leanúnach thar fiontar
- Scaipeadh agus glacadh le nuálaiocht a chur chun cinn, go h-áirithe idir GBM
- Tacú le tionscail nua agus iomaíochas agus athléimneacht in earnála aibí
- Rátaí digitithe a uasmhéadú in earnála neamh-theicniúla / traidisiúnta den gheilleagar
- Cinntiú go bhfreastalaíonn infreastructhtúr digiteach agus nascadh ar gach saoránach agus gnó
- Forbairt a dhéanamh ar r-sheirbhísí mar r-shláinte, r-Rialtas agus foghlaim ar-líne
- Faisnéis agus teicneolaíocht a ghiaráil chun athrú uirbeach inbhuanaithe a chumasú

## Colún 1

## Geilleagar Digiteach

## Anailís

### Láidreachtaí Chill Dara

Líonra láidir comh-oibríoch thar an tírdhreach tacaíochta fiontair – OFÁ Chill Dara; Comhlachas Chill Dara; Ollscoil Maigh Nuad; Fiontar Éireann;

Tionól Réigiúnach an Lár-Oirthir; Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Oirthir; i dtreo scileanna, nuálaíochta agus digitithe thar an bunús GBM.

Cinnteóidh áis SMNRLO agus na moil nuálaíochta earnála (Eachaí, Teicneolaíocht Bia agus Fuinneamh Glas) go bhfuil Speisialú Cliste ag díriú ar ghnólachtaí nuathionscanta agus GBM dúchasacha chomh maith le mór-eagraíochtaí.

Ta ceannasaíocht a dhéanamh ag Institiúid um Luach Nuálaíochta ag Ollscoil Maigh Nuad maidir le líon de réimsí intleachta earnála, ina thiománfaidh feidhmiú digiteach fás, athléimneacht iomaíochas agus éifeachtacht.

Ta 'Nuáil Cill Dara' agus Líonra Moil-CD ag teacht chun cinn mar shamplaí dea-cheachtais i soláthar príomh-thacaíochtaí agus áiseanna fiontair agus nuálaíochta.

Tá earnáil bríomhar teicneolaíochta i gCill Dara, ó mór-ghnólachtaí teicneolaíochta domhanda go h-eagraíochtaí móra dúchasacha, agus eiceachórás dinimiciúil, atá fós ag fás, á chruthú acu.

### Deiseanna agus Barúlacha

Cill Dara a fheidhmiú mar sampla dea-chleachtais agus dícharbónaithe, trí aistriú ó lucht saothair 'comaitéara' go lucht saothar solúbtha agus fíorúil, agus infheistiú agus fiontraíocht a mhealladh isteach sa chontae san ardán seo.

Scileanna digiteacha agus líonraí nuálaíochta agus aistrithe eolais a fheidhmiú i bpríomh-earnala atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear Turasóireacht; An Earnáil Cruthaitheach; Teicneolaíocht Bia; Eachaí agus earnála tosaíochta eile.

Comh-oibriú leis an t-Institiúid um Luach Nuálaíochta i dtionscnaimh píolótach Bailte Cliste / Contae Cliste Chill Dara.  Beidh seo suthach, ach úsáidfear an t-eolas agus an teicneolaíocht atá á n-úsáid ag na tionscnaimh Cathracha Cliste ar bhonn náisiunta.  Is féidir le Cill Dara ceannasaíocht a thabhairt do chontaetha eile trí leas a bhaint as na h-áiseanna nirt agus eolais na bpáirtithe dúchasacha.

Cinntiú go n-ionchorpraítear príomh-théamaí agus gníomhartha Geilleagair Digiteacha ó Straitéis dhigiteach Chill Dara sa PEPÁ atá le teacht.

### Dea-Chleachtas

Mol Nuálaíochta SMNRLO, An Nás

Is áis fiontair dinimiciúil nua é Spás Machnaimh Nuálaíochta Réigiúin an Lár-Oirthir (SMNRLO) chun cothú agus tacú a thabhairt d'fhiontraithe teicneolaíochta ar fud an réigiúin. Le ceannasaíocht ó OFÁ Chill Dara, Comhairle Contae Chill Dara agus Ollscoil Maigh Nuad, tugann an Mol Digiteach de 1,200 $m^2$, deartha le sain-chuspóir, eiceachóras gníomhach do chomhlachtaí digiteacha agus d'fhiontraithe.

Mol Bua Chruthaithigh - Comhairle Contae Fhine Gall

Tacaíocht fostaíochta do dhaoine foi mhíchumas. Cuirfear maoiniu ón CND chun cóiriú a dhéanamh ar stáisiúin oibre cruthaitheacha digiteacha le RP graifeacha le sonraíocht ard, ríomhairí gliúne, foireann bogearraí cruthaitheacha agus cláir cúnta.

# Colún 1 : Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| Tacaíochtaí Fiontair Digiteacha | Dul ar aghaidh le tacaíochtaí digiteacha ón Scéim Dearbhán Trádála Ar-líne go Dearbháin Digiteacha níos fairsinge, chun ráta agus doimhneacht digitithe thar GBM agus mion-eagraíochtaí a chur chun cinn.<br>Tacaíochtaí ar leibhéal níos airde do GBM agus mion-eagraíochtaí i dtreo infheistithe i nuálaíocht nó i dteicneolaíocht nua chun cabhrú le feabhsú ar próisis gnó. Áireofar le seo Dearbháin Nuálaíochta á thacú ag Fiontar Éireann agus Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta. Is sampla den ghníomhaíocht seo é Clár Feabhsaithe Gnó 'Ath-Smaoineamh / Ath-Dearadh ón Institiúid um Luach Nuálaíochta (ILN).<br>Aitheantas agus tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta áitiúla in earnála digitithe / teicneolaíochta atá oiriúnach d'iarrthóirí don chlár Nua-Thionscail le Ard-Phoitéinseal (NTAP) nó don Chiste Tosaigh Iomaíoch (CTI). Féachaint le poitéinseal agus feasacht a chruthú do chomh-oibrithe nuálaíochta níos mó idir gnólachtaí ard-teicneolaíochta / ard-dhéantúsaíochta i gCill Dara, le páirtithe oiriúnacha IOA nó ó institúidí taighde eile i dtreo tionscadail ón gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha | Comhlachtaí agus trádálaithe aonair le claochlú digiteach céimithe idir láimhe.<br>Deontais prímeala do ghnólachtaí nuathionscanta le haghaidh riachtanais TF agus infheistithe digiteacha.<br>Dearbháin Nuálaíochta nua eisithe do chomhlachtaí i gCill Dara, agus Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta bunaithe.<br>Iarrthóirí CTI agus dámhachtainí rathúla.<br>Iarrthoirí agus dámhachtainí CNTB. | OFÁ Chill Dara, Comhlachas Chill Dara, Fiontar Éireann, SMNRLO, Ollscoil Maigh Nuad, Institiúid um Luach Nuálaíochta, OTOD Ceatharlach |
| Straitéis Forbartha Líonra Moil Chill Dara | Feidhmiu ar raon de thionscadail agus gníomhartha faoi Straitéis Forbartha Líonra Moil Chill Dara thar an tréimhse go 2025. Ina measc beidh gníomhaíocht agus infheistiú dírithe ar dhigitiú: Moil Inbhuanaithe Cliste P2.3; Foireann TF chúl-oifige Mol P2.4; Tacaíochtaí Oibre Cian / Chumaisc P3.3; agus Cur chun cinn Moil P4 ach go h-áirithe. Beidh gníomhaíocht eile chun an líonra a neartú agus chun líonraí comh-oibríocha a chruthú thar cliaint moil sa teic-eiceachoras mar phríomh-fócas chun tacú le Straitéis Dhigiteach Chill Dara thar an treimhse céanna. | Ardán digiteach nua chun tacú le soláthróirí agus cliaint Líonra Moil Chill Dara.<br><br>Plean Forbartha branda 'Nuáil Chill Dara' do na tacaíochtaí nuálaíochta go leir sa chontae. | Baill Líonra Moil-CD, OFÁ Chill Dara, Comhairle Contae Chill Dara |
| Cill Dara Inbhuanaithe | Cabhróidh Cill Dara Inbhuanaithe, comhphairtíocht idir Comhlachas Chill Dara agus Intel, le gnolachtaí dul i ngleic leis an dúshlán um ghníomhú ar son na h-aeráide agus dícharbónú trí tabhairt faoi laghdú ar astuithe agus tionchair eile ar inbhuainteacht timpeallachta. Tá an tionscnaimh á thacú ag an aip 'Ducky' chun rianú a dhéanamh ar astuithe charbóin pearsanta ball foirne agus chun bainistiocht a dhéanamh ar laghduithe dírithe thar raon de thástcairí agus próisis gnó. Tá seisiúin treanála agus eolais á sholathar do chomhlachtaí páirtiochta chun cabhrú le straitéis inbhuanaitheachta agus Rialú Timpeallachta agus Sóisialta laistigh den eagraíocht. Tugtar cuid mór den chlár ar fáil trí seimineáir gréasáin ar-líne agus cruinnithe agus ceardlanna fíorúla. | Imeachtaí Dhúshlain Ghníomhaithe ar son na h-Aeráide<br><br>Clár ar-líne foghlama agus forbartha scileanna ag dul chun feasacht níos mó agus scileanna i mbainistíocht inbhuanaitheachta. | Comhlachas Chill Dara, Intel |
| Nuáil Cill Dara | Tabharfaidh 'Nuail Chill Dara', tionscnamh nua Forbartha Branda do ghach nuálaíocht dírithe ar aghaidh i gCill Dara, faoi nuálaíocht i gCill Dara a ghéarú trí timpeallacht tacaíochta a sholáthar, a thabharfaidh éascú agus spreagadh do leibhéil níos airde de nuálaíocht thar na geallsealbhóirí agus na h-earnála éagsúla a léirítear sa phríomh-earnála i Straitéis Eacnamaíoch Chill Dara 2025 agus i bPlean Fiontair Réigiúnach an Lár-Oirthir. Déanfaidh an tionscnamh forbairt ar bhranda agus suíomh greasáin do Nuáil Cill Dara, go mbeidh dáimh ag daoine leo, agus a spreagfaidh daoine nó gnólachtai agus infheisteoirí chun Cill Dara a rogha mar ionad do chonáí, obair, staidéar agus infheistiú. Beidh fócas agus modhanna solathair láidir digiteach ag Nuáil Cill Dara | Aitheantas Branda nua do Chill Dara chun an contae a chur chun cinn mar ionad nuálach agus dinimiciúil.<br><br>Suiomh gréasáin agus seirbhísí digiteacha d'usáideoirí agus cliaint Líonra Moil-CD agus do gheallsealbhóirí fiontair eile. | Baill de Líonra Pobail Chontae Chill Dara, Comhairle Contae Chill Dara, OFÁ Chill Dara |

# Cás-Staidéar: Moil Nuálaíochta agus Cian-Obair


Beidh Straitéis Dhigiteach Chill Dara, mar aon le Líonra Mol Chill Dara (Líon Moil-CD), mar phríomh-thiománaí d'fhorbairt agus feidhmiú tapa ar Cian-Obair, Comh-Obair agus Obair Moil. Tá an geilleagar iar-paindéime agus an dul ar aghaidh chun sochaí atá neodreach ó thaobh charbóin de ag tabhairt éascaíocht do lucht saothair atá níos chumasaithe maidir le digitiú. Aistreoidh seo Chill Dara ó chontae comaitéara go chontae nuálaíochta. Beidh sé criticiúil cinntiú gur féidir le fiontraithe agus comh-oibreoirí feidhmiú agus oibriú i gCill Dara, agus fiontair agus líonraí láidre agus forásacha a thogáil go h-áitiúil. Beidh sé mar phríomh-ghné de seo spásanna oibre atá solúbtha, forásach agus nasctha a sholáthar. Tá roinnt de moil nuathionscanta agus cian-oibre agus Líonraí Fiontair Teicneolaíochta bunaithe cheana féin i gCill Dara, le roinnt eile ag céim pleanála. Is tionscadal comh-oibríoch é Líonra Mol Chill Dara, bunaithe ar socmhainní, eolas, teagmhálaithe agus cleachtadh comh-roinnte, chun éascaíocht a thabhairt do na moil chun freastal ar a bpobal áitiúla sa réimse fiontair agus forbartha pobail, agus modúl nua oibre agus maireachtála a chruthú thar Chill Dara. Táirgeadh Straitéis Líonra Mol Chill Dara i 2021 chun méadú ar eiceachórais comh-oibriú agus nuathionscanta a éascú thar an chontae.



# Colún 2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascacht

Beidh Infreastruchtúr Digiteach mar bhunús do ghach gné den Straitéis Dhigiteach. Gan leathbhanda tapa agus iontaofa agus clúdach líonra gutháin póca den scoth, ní bheidh saoránaigh, gnóanna agus scoileanna in ann tairbhe iomlán a bhaint as digitiú agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar digiteach. Beidh infheistiú de €53 m ón bPlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN) i gCill Dara, agus áireofar le seo snaithín tapa agus réitigh leathanbhanda tapa eile go breis agus 15,000 de thithe, ionaid gnó, feirmeacha, scoileanna agus áiseanna pobail.

Ce go bhfuil stádas measartha láidir ag Cill Dara maidir le nascacht digiteach trí soláthar leathanbhanda snáithín tapa, níl sé cothrom thar an chontae. Tugtar faoi deara go bhfuil gearrdháilte in infreastruchtúr i gceantair tuaithe i gCill Dara Thiar Thuaidh agus i gCill Dara Theas, agus léirítear seo sa líonraí PNL ag An Loilíoch Mhór, Baile an Chrócaigh agus Díseart Diarmada / An Chloch Mhór. Leirítear ó pobail eile go bhfuil baill dhubha maidir le seirbhísí teileachumarsáide gan sreang. Níl rolladh amach den snaithín PLN sceidealaithe i líon mór de na pobail seo go dtí 2024 nó níos déanaí. Caithfidh an straitéis tosaíocht a thabhairt do na ceantair seo le haghaidh réitigh áitiúla, i gcomh-oibriú le na soláthróirí infreastruchtúir go léir. Beidh iniúchadh iomlán de na bearnaí infreastruchúrtha digiteach mar phríomh-ghníomh luath sa straitéis.




## Aidhmeanna Straiteiseacha

- Cur le eolas reatha faoi bearnaí agus laigí nasctha leathanbhanda agus teileachumarsáide thar an chontae agus tacú le pobail go bhfuil eisiamh digiteach orthu.
- Cinntiú go bhfuil ionadaíocht agus páirtiocht láidir ar ghach fóram náisiúnta agus réigiúnach maidir le polasthe agus cláir a bhaineann le rolladh amach an PLN agus le soláthar agus uasghrádú ar infreastruchtúr digiteach, agus gnáth-fhaisnéis a thabhairt ar dhul chun cinn agus nuacht a bhaineann le infreastruchtúr digiteach ar bhonn ráthúil.
- Gach beart iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear sonraí taistil, faisnéis seirbhísí, moil soghluaiseachta agus bealaí iompair poibli, a nascadh le Cill Dara Cónasctha.
- Modúl PNL de 'Pobail Nasctha' a leathnú go gach ceantar ina bhfuil fadhbanna nasctha trí baill theo WiFi Poiblí saor in aisce i láithreacha pobail. Cé gur réiteach sealadach é seo, go dtí go sroiseann na líonraí snaithín PLN agus 5G gach pobal, beidh sé tábhachtach tabhairt faoi na bearnaí soláthair atá ann faoi lathair.

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

## Colún 2: Infreastruchtúr Digiteach agus Nascacht

## Anailís

### Láidreachtaí Chill Dara

Tá bunús láidir ag Cill Dara in infreastruchtúr digiteach, i gcomparáid le háiteanna eile agus go foriomlán araon. Léirítear seo go soiléir trí an leibhéal íseal d'ionchur gur ghá leis faoin PLN agus ón líonra PNL. Cosúil le infreastruchtúr fisiciúil mar bóithre, iarnróid agus fuinneamh, is príomh-chumasóir d'fhás agus forbairt eacnamaíoch é cumarsáid.

Mar sin féin, níl an soláthar agus an seirbhís seo cothrom thar Chill Dara, agus caithfear tosaíocht a thabhairt do na pobail sin go bhfuil infreastruchtúr digiteach agus seirbhísí níos lú nó teoranta acu tríd an straitéis seo.

### Deiseanna agus Barúlacha

Teagmáil le RFTP / LNÉ agus le príomh- fo-chonraitheoirí chun tabhairt faoi bearnaí i soláthar reatha PNL nó WiFi poiblí, agus cinntiú go soláthraitear nascanna custaiméir-bhunaithe gan bac nó moill sa phobail gann-seirbhísithe sin sa cheantar idirghabhála PLN. Bainfidh seo le chuid mór do Chill Dara Theas tuaithe agus le roinnt de láithreacha in iarthar agus tuaisceart an chontae.

Tá príomh-dheis in úsáid teicneolaíochtaí cliste do phleanáil agus dearadh ar spásanna poiblí agus an timpeallacht tógtha agus oibreacha sibhialta eile. Tá líon mór d'oibrithe maistirphleanála Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte tógtha idir láimhe le déanaí. Le cuimsiú IE (gléasanna le cuidiú idirlíne) is féidir sonraí luachmhara agus monatóireacht agus comharthú ar conas a fheidhmíonn agus a oibríonn ár spásanna do shaoránaigh agus gnóanna a sholáthar. I measc samplaí de réitigh tá áiseanna poiblí braiteoir-bhunaithe / Pointí nó Bothanna Faisnéise Digiteacha i lár bailte; pointí luchtaithe il-fheidhme do ghluaisteáin agus rothair leictreacha / teilgean digiteach do phictiurlanna amuigh sa tséasúr turasóireachta gnóthach.

### Dea-Chleachtas

Bealach Éireann do 5G: Úsáid a ghéarú – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

Tionscadal a thugann le chéile saineolaithe tionscail agus acadúla, baill foirne údaráis áitiúla agus úinéirí áiseanna poiblí chun úsáid 5G a chomh-ordú agus chun socmhainn praiticiúil a chruthú d'údaráis áitiúla ar fud na h-Éireann.

IE Éadán Doire – Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Tionscadal uaillmhianach a aistríonn deiseanna IE do bhainistíocht bhailte tuaithe go cás-staidéir inbhraite agus praiticiúla, sábháil costais agus deiseanna d'fheabhsú ar seirbhísí, ag baint úsáid as raon de ghléasanna braiteora leabaithe IE.

# Colún 2 : Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| **Rolladh amach PLN agus Uasghrádaithe Teileachumarsáide** | Ionadaíocht agus páirtiocht ar ghach fóram agus grúpa 'Infreastruchtúir Digiteach agus Nascacht' náisiúnta agus réigiúnach chun soláthar sceidealaithe an PLN i gCill Dara a chur ar aghaidh, agus deiseanna a ainmniú chun leas a bhaint as infheistithe nua nó neamh-sceidealaithe i leathanbhanda nó teileachumarsáid.<br><br>Tuairiscí rathúla ar rolladh amach PLN thar an chontae agus ar leathanbhanda nua ag baint úsaid as LPP agus go díreach go líonraí geallsealbhóirí. | Tuairisciú ar rolladh amach snáithín PLN; Léarscáiliú agus Clár de Socmhainní Digiteacha; Uasghrádaithe ar Infreastructúr Teileachumarsáide | OLB Chill Dara; LNÉ; Vodafone agus conraitheoirí eile. |
| **Tacú agus Spreagadh don Líonra PNL** | Is gníomh tábhachtach é plean forbartha tionscadail a sholáthar, chun bainistiú agus eolas a thabhairt faoi cad tá i gceist sa líona PNL agus conas a thabharfaidh sé leas do na pobail ar a freastalaítear.<br>Éileamh ar PNL a spreagadh trí fearas breise agus uasghrádú ar áis PNL laistigh den phobal.<br>Déanfar teagmháil le geallsealbhóirí pobail agus grúpaí úsáideoiri áitiúla chun eolas a fháil ar na h-úsáideanna gur mian leo d'fhoghlaim agus gníomhaíocht digiteach, gur féidir cabhrú leo trí na PNL cás ar chás.  Déanfar seo i gcomhar leis an LPP, CFPÁ, Comhairlí Pobail Áitiúla agus pointí teagmhála pobail eile mar is cuí.<br>Feachtas feasachta agus faisnéise thar an líonra PNL agus conas a thabharfaidh sé leas do na pobail ar a freastalaítear, trí Nuachtlitir Pobail agus cainéil cuí eile.<br>Tá réimsí téamacha aitheanta ag an RFTP d'fhorbairt ar an líonra PNL chun tairbhe a thabhairt do phobail sa cheantair Idirghabhála PNL, lena n-áirítear Cian-Obair, r-Shláinte, Scileanna Digiteacha agus Ealaíon agus Cultúr. Cuimseofar le seo Seaimpíní Digiteacha agus ceannasóirí pobail eile ag obair lels an t-Oifigeach aum Leathanbhanda agus soláthróiri eile (e.g. Vodafone; LPP; Aoisghníomhaíocht Éireann; Foróige; CLG) chun lár-tacaíochtaí a sholáthar do ghach pobal PNL agus chun cabhrú le sceidealú ar rolladh amach imeachtaí faisnéise agus cúrsaí traenála etc. | Traenáil agus tacaíocht do pháirtithe pobail PNL<br><br>Feachtas feasachta agus faisnéise do shaoránaigh i gceantair PNL<br><br>Athbhreithniú ar cheisteanna chumais agus socmhainní, agus dul i ngleic leo le páirtithe cuí | OLB Chill Dara; LPP Chill Dara; Úinéirí PNL |
| **Plean IE / Ionad Cliste** | Plean a fhorbairt chun gléasanna agus fearas IE a chomhtháthú in infreastruchtúr níos fairsinge, agus go h-áirithe i lár bhailte agus sráidbhailte i gcomhar le Pleanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.<br><br>Na deiseanna is fearr a aithint do IE chun cabhrú le pleanáil pobail trí feidhmithe sonraí fíor-ama a úsáid.<br><br>Cinntiú go bhfuil spásanna sibhialta agus áiseanna ríochta poiblí cumasaithe go digiteach le infreastructúr CA agus TF, chun tacú le imeachtaí amuigh a óstáil. | Plean IE agus clár d'fhearas ábhartha | OLB Chill Dara; Foireann Pleanála Chomhairle Contae Chill Dara; LNÉ; Vodafone agus conraitheoirí eile. |

# Colún 3: Scileanna Digiteacha

In anneoin an meadú fairsing atá tagtha i scileanna digiteacha agus litearthacht thar an tsochaí, tuigtear nios mó agus níos mó nach bhfuil glacadh agus tionchar digiteach mar an gcéanna do ghach grúpa no pobal.  Tá páirtíocht digiteach íseal fós i measc roinnt de ghrúpaí agus pobail sóisialta, de bharr dúshláin maidir le litearthacht digiteach agus páirtíocht digiteach.  Is cosúil go mbeadh roinnt de ghrúpaí mionlach eitneach, daoine breacaosta, pobail tuaithe, luathfhágálaithe scoile agus daoine ag maireachtáil i mbochtanas san áireamh anseo.

Cosúil le infreastruchtúr digiteach, tá scileanna digiteacha agus litearthacht mar phríomh-théamaí tacaíochta don straitéis. Déanfaidh scileanna agus eolas digiteacha éascaíocht ar na h-aidhmeanna go léir sa gheilleagar agus sochaí digiteach. Ina measc seo beidh bun-scileanna TF suas go scileanna teicniúla ard-leibhéil, agus déanfar iad seo a sholáthar thar gach colún den straitéis.

Tabharfaidh ar straitéis faoi dul in ngleic le agus maolú a dhéanamh ar na dúshláin agus na bacainní seo trí cláir dírithe scileanna digiteach agus áiseanna tacaíochta eile a sholáthar, i bpáirtíocht le na h-eagraíochtaí agus grúpaí ábhartha.



## Aidhmeanna Straitéiseach

- Féachaint le na grúpaí agus pobail go bhfuil eisieamh digiteach agus fadhbanna litearthachta digiteacha ag cur isteach orthu, agus freagairtí cuí a dhearadh chun dul i ngleic le agus maolú a dheanamh ar na bacainní seo ar pháirtíocht.
- Monatóir faisnéise a fhorbairt do scileanna lucht saothair trí suirbhithe bliantiúla chun cinntiú co bhfuil díriú ar na cláir scileanna chearta sa suíomhanna cearta.
- Cláir forbartha scileanna digiteacha faoi leith earnáil-bhunaithe a dhearadh agus a fheidhmiú trí líonraí foghlama i gcomh-oibriú le páirtithe fiontair agus oideachais.
- Spriocanna straitéiseacha a leagan amach do bhaill foirne Údaráis Áitiúla i bhforbairt TFC agus scileanna digiteacha, i gcomhréir le gníomhartha Seirbhísí Digiteacha ó Colún 4.

# Colún 3: Scileanna Digiteacha

## Anailís

| Láidreachtaí Chill Dara | Deiseanna agus Barúlacha | Dea-Chleachtas |
|---|---|---|
| Litearthacht Digiteach – ta raon leathan de soláthróirí seirbhísí poiblí agus eagraíochtaí pobail a leanann le rochtain a chur ar fáil do ríomhairí agus gléasanna cliste agus do thraenáil bunúsach nó neamh-fhoirmiúil do ghrúpaí pobail áitiúla.<br><br>Córas láidir oideachais meán-leibhéil agus tríú-leibhéil i gCill Dara, le rochtain ar bhreisoideachas agus ard-oideachas ar fáil i ngach cuid den chontae.<br><br>Daonra agus lucht saothair óg agus ard-oilte, i gcomparáid le tagmharcanna náisiúnta agus réigiúnacha.<br><br>Soláthar láidir ar leibhéal an phobail trí Seirbhísí Leabharlainne fairsinge agus earnáil pobail bríomhar.<br><br>Scileanna Digiteacha sa Todhchaí – Tionscnamh maidir le Scileanna Lucht Oibre sa Todhchaí. | Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh – Leanfaidh Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh agus scéimeanna litearthachta digiteacha eile le socmhainní dírithe le haghaidh soláthar tionscnamh, fócasaithe ar saoránaigh, chun acmhainn digiteach an phobail a fhorbairt.<br><br>Scileanna digiteacha agus nuálaíocht agus líonraí aistrithe eolais a dhíriú ar phríomh-earnála atá ag teacht ar aghaidh, lena n-áirítear Turasóireacht; An Earnáil Cruthaitheach; Teicneolaíocht Bia; Eachaí agus príomh-earnála eile.<br><br>Scileanna Digiteacha don Todhchaí: Comh-oibriú thar FSR, BOOCDCM, CCCD, CTCD, OMA, OTOD, LPCCD.<br><br>Tabharfaidh athbhreithnithe tréimhsiúla ar suirbhitha lucht saothair agus tuairisciú faisnéis den scoth, suas chun dáta, do pháirtithe soláthair, chun cabhrú le soláthar traenála agus forbartha.<br><br>I gcomh-oibriú le páirtithe pobail, grúpaí sa tsocháí atá i mbaol eisiamha digiteacha agus litearthachta a aithint, chun diriú orthu le haghaidh tacaíochtaí agus traenála neamh-fhoirmiúla. | Digi-Clár – Tionscadal chun Pobail a Nascadh<br><br>Tionscadal le fócas ar thaithíocht digiteach agus bun-scileanna do dhaoine breacaosta, á sholáthar trí ranganna agus ceardlanna pobal-bhunaithe i moil digiteacha agus ionaid eile. |

# Colún 3 : Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| **Litearthacht Digiteach agus Forbairt Scileanna** | Tá cur chun cinn ar litearthacht digiteach trí fhoghlaim fhoirmiúil agus neamh-fhoirmiúil ag leibhéal an phobail criticiúil chun Socaí Digiteach slán agus oibríoch a chinntiú. As seo, sáróidh saoránaigh atá i mbaol bheith fágtha ar chúl ag teicneoláiocht digiteach na bacainní rochtanna agus scileanna trí fhoghlaim neamh-fhoirmiúil grúpa-bhunaithe (e.g. 'Tonsú' – Bunscileanna TF do dhaoine thar 55, le múineadh á dheanamh ag daltaí idirbhliana ó na meánscoileanna áitiúla).<br><br>Is tionscnamh forbartha scileanna cruthaithe freisin é clár Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh, agus féidir é a sholáthar trí Leabharlanna Chill Dara agus ionaid eile sa phobail.<br><br>D'fhéadfadh go mbeadh ábhair mar seo leanas mar ábhair suime:<br>Meáin shóisialta do thosaitheoirí; R-phost agus brabhsáil ar an Idirlíon; Siopadóireacht ar-líne agus seirbhísí poiblí; Ginealas agus taighde clainne; Aipeanna Sláinte agus Follaine. | Líon na saoránach páirteach i gcláir traenála agus litearthachta digiteacha | Seirbhís Leabharlainne Chill Dara / Cill Dara Aoisbháúil / BOOCDCM / DS4C |
| **Scileanna don Todhchaí – Scileanna Lucht Saothair** | Cuimseofar i Scileanna don Todhchaí agus Scileanna Digiteacha d'Fhiontar raon leathan d'fhorbairt scileanna teicniúla agus digiteacha. I measc na réimsí ginearálta den chlár gur cheart iad a bheith mar Scileanna Lucht Saothair sa todhchaí tá:<br><br>Úirlisí díolacháin ar-líne agus cothabháil ar suíomhanna gréasáin r-tráchtála; Anailísíocht Sonraí; Bainistíocht ar Meáin Shóisialta; Dearadh il-ardáin d'EÚ (eispéireas úsáideora); Traenáil faoi leith do chórais PÁF; Slándáil Lionra agus Sonraí.<br><br>D'fhéadfadh go mbeadh siad seo leanas mar ábhair forbartha scileanna digiteacha agus teicneolaíochta ar ard-leibhéal: RF agus Meaisínfhoghlaim; Feidhmithe Réaltachta Fíorúla le haghaidh cian-traenála nó margaíocht; cláreagrú le haghaidh córais uathoibrithe tionscail etc.<br><br>I gcomhar le clár Scileanna don Todhchaí moltar go ndéanfar suirbhithe lucht saothair treimhsiúla chun ríanú a dhéanamh ar raiachtanais an lucht saothair áitiúla, atá ag athrú, agus an t-éileamh ar chláir éagsúla. | Líon na bhfostaithe agus na gcéimithe atá páirteach i gcláir grúpai-bhunaithe | OFÁ Chill Dara / Comhlachas Chill Dara / BOOCDCM / Fóram Scileanna Réigiúnacha / Ollscoil Maigh Nuad / OTOD Ceatharlach |
| **Clár Ard-Digiteach** | Cúrsaí traenála digiteacha saor in aisce do dhaoine breacaosta i gCill Dara. Is treoir cuimsitheach agus inrochtana é Ard-Digiteach, deartha ag Vodafone i gcomh-oibriú le Scor Gníomhach na h-Éireann, go h-áirithe do dhaoine breacaosta, ar conas is féidir leis an idirlíon cabhrú chun a saol laethúil a fheabhsú. Áirítear leis: Bun-treoir ar ghúthan cliste, Conas nascadh le daoine eile, Siamsaíocht agus Siopadóireacht ar-líne agus Caithimh Aimsire agus Taisteal. | Líon na ranganna agus na gcúrsaí a soláthríodh faoin gClár Ard-Digiteach agus líon na ndaoine páirteach sa ranganna | Comhairle Contae Chill Dara / Vodafone / Scor Gníomhach na h-Éireann / PNL |


# Cás-Staidéar: Ambasadóirí Digiteacha Aoisbháúla Leabharlann Chill Dara

Tá Ambasadóirí Digiteacha Leabharlann Chill Dara mar chuid de chlár náisiúnta i bpáirtíocht le Aonad Forbartha Leabharlann Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) agus Aoisbhá Éireann. Féachann an clár seo le tacú le daoine breacaosta rochtain a fháil ar áiseanna leabharlainne ar-líne, BorrowBox ach go h-áirithe, aip a úsáidtear chun leabhair agus closleabhair a íoslódáil go ghuthán, taibléid nó ríomhaire glúine.

Fuair ceathrar déag de bhaill foirne ó phríomh-leabharlanna Chill Dara (An Nás, Droichead Nua, Baile Chill Dara, Baile Átha í, Cill Droichid, Léim an Bhradáin agus Maigh Nuad) traenáil chun traenáil ar-líne nó ar ghuthán a thabhairt do dhaoine breacaosta i gCill Dara. Sa seisiúin traenála tugtar treoir do na h-oiliúnaithe maidir le dul ar an idirlíon agus aipeanna leabharlanna a íoslodáil, a ofráileann réimse digiteach nua d'imeachtaí, ceardlanna agus ranganna ar-líne.

Sa saol dúshláineach atá ann faoi láthair, tugann an seirbhís agus an tacaíocht seo líne tarrthála tábhachtach do líon mór de dhaoine breacaosta chun nascadh le daoine eile agus feabhas a chur ar a scileanna litearthachta digiteacha.

Níl sé riamh ro-dhéanach chun dul i mballraíocht sa leabharlann ar-líne, teacht ar áiseanna na leabharlanna, do rogha leabhar a íoslódáil nó éisteacht le closleabhair. Tá na h-Ambasadóirí Digiteacha Aoisbháúla ann chun tacú agus oibriú le úsaideoirí leabharlann ag gach céim den aistear.




# Colún 4: Sochaí Digiteach agus Cultúr

Leanann teicneolaíocht digiteach le dul i larnacht sa saol sibhialta agus cultúrtha. Léiríodh seo go soiléir le linn paindéime Covid 19, nuair a thug uirlisí digiteacha an líne tarrthála a lig don earnáil leanúint le feidhmiú, agus do dhaoine aonair agus pobail fanacht nasctha lena chéile. I gCill Dara, cuireadh taibléidí ar fáil i dtithe altranais agus ionaid soláthair díreach; tionóladh cruinnithe rialta ar-líne chun grúpaí deonacha a choimeád ar an eolas agus nasctha, agus roinneadh líon mór d'imeachtaí ealaíonta agus cultúrtha le lucht freastail áitiuíla agus domhanda ar-líne.

Bhí an líon seo de ghlacadh digiteach fairsing idir láimhe cheana féin i gCill Dara roimh an paindéim, agus tá dea-chleachtas sa sochaí digiteach le feiceáil i dtionscadail mar ardán ar-líne, le an-tóir air, Scéalta Pobail Chill Dara, an t-Eispéireas úrscothach Réaltachta Fíorúla Finscéalta Chill Dara agus an neart atá ag bailiú thar Pobail Cliste agus a gcumas chun teacht ar phríomh-aidhmeanna forbartha polasaí áitiúla mar ghníomhú ar aon na h-aeráide, sláinte agus folláine, ionchuimsiú sóisialta agus athghiniúint tuaithe.

Cuirfidh Cill Dara Cónasctha le na láidreachtaí agus na deiseanna seo do phobail áitiúla, agus tiomantas á choimeád chun cinntiú nach bhfágtar aon ghrúpai ar chúl, agus go bhfuil na tacaíochta riachtanach i bhfeidhm dóibh siúd go dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu chun dul ar aghaidh i saol atá ag dul níos mó agus níos mó i ndigiteacht.






## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Cinntiú go bhfuil an clár digiteach comhtháite go h-iomlán sa chreatlach forbartha áitiúil trí PEPÁ nua Chill Dara agus Plean Forbartha Chontae Chill Dara
- Tacú le forbairt cláir Pobail Cliste ar fud an chontae
- Poitéinseal do theicneolaíochtaí digiteacha a uasmheadú chun ofráil uathúil cultúrtha agus oidhreachta Chill Dara a fheabhsú trí chlár Bríde 1500, an Páirc Tailte Móna Náisiúnta nua, Gormbhealach na Bearú agus tionscadail straitéiseacha cultúrtha agus oidhreachta eile
- Tacú le teacht le chéile ag an gclár digiteach agus na cláir um ghníomhú ar son na h-aeráide agus forbairt inbhuanaithe trí htionscadail léirithe le pobail áitiúla
- Tabhairt faoi eisiamh digiteach agus bacainní ar pháirtíocht digiteach do phobail éagsúla

## Colún 4: Sochaí Digiteach agus Cultúr

## Anailís

### Láidreachtaí Chill Dara

**Scéalta Pobail Chill Dara** – Ardán pobail digiteach atá gníomhach agus le móran éileimh air, ag cur fógraí faisnéise tábhachtach ar fáil don phobal agus ag cur béim ar thionscnaimh agus imeacht pobail áitiúla.

**Sráidbhailte Cliste** – Tionscnamh nua Pobal Cliste chun acmhainn pobail a fhorbairt, á eagrú ag CLCCD le grúpaí pobail i gCill Dara Thiar Thuaidh.

**Ambasadóirí Digiteacha Leabharlainne Chill Dara** – Comh-oibriú idir Aoisbhá agus Seirbhís Leabharlainne Chill Dara a thacaíonn le h-ionchuimsiú digiteach daoine breacaosta i leabharlanna, trí fhoireann d'Ambasadóirí Digiteacha.

**Daoine Óga** – Bhain InSync agus Comhairle na nÓg úsáid as ardáin digiteacha chun tacú lena n-imeachtaí agus feachtais éifeachtúla a fhorbairt thar phríomh-cheisteanna mar ghníomhú ar son na h-aeráide, foréigean inscne-bhunaithe agus feasacht faoi LADTI.

**Rochtain ar Thalamh** – Aip agus bunachar sonraí léarscálaíochta rochtana a chumasaíonn saineolaithe rochtana agus saoránaigh chun bacainní a ainmniú agus a léarscáiliú sa timpeallacht tóghta do dhaoine faoi mhíchumas.

### Deiseanna agus Barúlacha

**Glacadh Digiteach san Earnáil Phobail** – Tá glacadh leathan ar theicneolaíochtaí digiteacha thar na h-earnála pobail, ag tabhairt éascú do theagmháil, páirtíocht agus foghlaim – iad seo go léir ag tagairt d'fhás digiteach agus fás leanúnach san earnáil pobail áitiúil.

**Pobail Cliste** – Tá traenáil / pleanáil Pobail Cliste idir láimhe i gCill Dara Thiar Thuaidh, agus is féidir le seo ailíniú le aidhmeanna Aistrithe Cóir. Tá scóp freisin leis an modúl Pobail Cliste a rolladh amach go ceantair eile i gCill Dara.

**Treochtaí sa Todhchaí** – Leanfaidh daoine óga le bheith mar cheann de ne h-aoisghrúpaí is digiteach-liteartha sa tsochaí, agus tiománfaidh siad treochtaí agus éileamh ar seirbhísí digiteacha sa todhchaí.  Bíonn ról criticiúl freisin ag a n-ionchur agus a gcomh-oibriú chun measúnú a dhéanamh ar priomh-dhúshláin mar slándáil idirlíne, cibearbulaíocht agus réitigh digiteacha ar ghníomhú ar son an h-aeráide.

**Eisiamh Digiteach** – Aithint agus imní, taobh le na tairbhí a thugann digitiú do formhór an daonra, gur féidir go mhéadódh sé eisiamh agus iargúltacht do dhaoine áirithe, e.g. roinnt de dhaoine breacaosta, daoine le míbhuntáistí oideachais agus daoine ag maireachtáil i mbochtanas.

### Dea-Chleachtas

**Foláireamh Téacs an Longfoirt** – Aip gutháin cliste a dhéann comhaontú agus comh-ordú ar raon de chórais foláirimh pobail éagsúla.

**Baile na n-Earraí** – Tionscadal fionnachtaí idir Comhairle Contae Loch Garman agus Institiúd Gnó Digiteacha na h-Éireann, ag baint triail as teicneolaíochtaí nua agus conas a dhéanann siad idirghniomhú agus monatóireacht ar saol laethúil an phobail i mBaile Ghuaire.

**Tionscadal Píolótach Teilea-Shláinte Loch Garman** – Tionscnamh r-shlainte a chríochnaigh trialach rathúil le déanaí ar chian-monatóireacht ar shláinte le grúpa othar.

**Obair Digiteach Óige** – Ardán digiteach a thugann samplaí idirnáisiúnta de dhea-chleachtas, áiseanna traenála agus treoirlínte praiticiúla chun teicneolaíochtaí digiteach a fhiedhmiú in obair óige.

## Colún 4: Sochaí Digiteach agus Cultúr

## Anailís

## Láidreachtaí Chill Dara

**Eispéireas RF Finscéalta Chill Dara** – Eispéireas réaltachta fíorúla úrscothach atá ar fáil ag Ionad Oidhreachta Chill Dara. Beireann an t-eispéireas tumthach cuairteoirí siar sa stair chun braith ar agus maireachtáil trí sean-oidhreacht agus miotaseolaíocht Chill Dara.

**Isteach i gCill Dara** – Suíomh gréasáin turasóireachta agus folláine nuálach agus inrochtana agus canéil meán sóisialta a chuireann ofráil éagsúil agus sainiúil turasóireachta agus folláine Chill Dara chun cinn.

**Eispéireas Capall Rása na h-Éireann** – Eispéireas úrscothach idirghníomhach cuairteora ag Graí Naisiúnta agus Gairdíní na h-Éireann. Úsáideann an t-eispéireas teicneolaíocht cluichíochta agus meáin mheasctha chun léargais agus eispéireas tumthach i ngach gné de pórú agus rásaíocht capall a thabhairt do chuairteoirí.

**Cultúr Chill Dara** – ardán digiteach tiomnaithe forbartha mar fhreagairt ar srianta Covid chun taispeántais ceoil a bheo-sruthú ó ionaid cultúrtha éagsúla i gCill Dara.

## Deiseanna agus Barúlacha

**Ceiliúradh Bhríde 1500** – Tugann Straitéis Bhríde 1500 deiseanna suntasacha do theicneolaíocht ról suntasach a ghlacadh i scéal uathúil oidhreachta Chill Dara a insint, agus próifíl Chill Dara a ardú le turasóirí agus lucht spéise. Tugann an t-imeacht náisiúnta seo deis chun imeacht mórthaibhsithe digiteach-chumasaithe a sholáthar, gur féidir leis finscéal Naomh Bhríde a léiriú, e.g. taispeántas dróin thar An Currach.

**Páirc Tailte Móna Náisiúnta agus Tarraingtí Turasóireachta nua eile** – Mar a léirítear sa Phlean Aistrithe Cóir Áitiúil nua do Chill Dara Thiar, tugann forbairt Páirce Tailte Móna Náisiúnta nua agus áiseanna eile mar Gormbhealach na Bearú deiseanna tábhachtacha do Chill Dara a ofráil turasóireachta, oidhreachta agus cultúrtha a fhorbairt i réimsí inar féidir le teicneolaíochtaí digiteacha ról larnach a ghlacadh i bhforbairt agus cur chun cinn ar na h-áiseanna nua seo.

**Leabharlann agus Ionad Cultúrtha An Náis** – Tabharfaidh Leabharlann agus Ionad Cultúrtha nua An Náis spás agus áis nua iontach chun teicneolaíochtaí cruthaitheacha, agus an phríomh-ról gur féidir le digitiú a ghlacadh i seirbhísí leabharlainne agus ealaíon na linne seo, a léiriú.

**Acmhainn Pobail Digiteach a Fhorbairt d'Ealaíontóirí** – Tá acmhainn pobail digiteach a fhorbairt d'ealaíontóirí ag dul i dtábhacht mar réimse tacaíochta le blianta beaga anuas, agus leanfar le seo a bheith mar réimse fócais straitéiseach.

## Dea-Chleachtas

**Rí na Lochlannach** – Is eispéireas tumthach réaltachta fíorúla é Rí na Lochlannach, lonnaithe laistigh de teach Lochlannach athchruthaithe barántúil, i bhfothrach mainistreach Proinsiasacha ón 13ú aois, i gcroílár ceathrún stairiúla Cathrach Phort Láirge.

**Pointí Fionnachtana Digiteacha Slí an Atlantaigh Fhiáin** – Tionscadal a fhorbraíonn crua-earraí agus ábhar digiteach ag gach comhartha 'Pointe Fionnachtana' ar Slí an Atlantaigh Fhiáin. Beidh cód MR nó i-clib ag gach Pointe Fionnachtana chun rochtain tapa ar léarscáiliú idirghníomhach ar ghléasanna na gcuairteoirí a chumasú.

**Tionscadal Digitithe Staire agus Béaloidis Iorrais** – Tionscadal a thacaíonn le digitiú ar an gcartlann fairsing staire béil agus béaloidis Ghaeilge ó cheantar Iorrais i gContae Mhaigh Eo.

# Colún 4: Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| **Clár Digiteach i bhForbairt Áitiúil** | Tugann PEPÁ nua Chill Dara deis tábhachtach chun an clár digiteach a leabú thar na h-earnála forbartha i gCill Dara. Féacfaidh an gníomh straitéiseach seo le chinntiú go n-ainmneofar tacú leis an gclár digiteach mar Aidhm Ard-Leibhéil sa PEPÁ nua, agus go dtaharfar tacú breise do ghníomhartha Straitéise Digiteacha Chill Dara sa PEPÁ. | Glacadh leis ar gClár Digiteach mar Aidhm Ard-Leibhéil i bPEPÁ nua Chill Dara.<br><br>Tiomnaítear d'aidhmeanna agus gníomhartha Straitéise Digiteacha Chill Dara i bPEPÁ nua Chill Dara. | Comhairle Contae Chill Dara.<br><br>CFPÁ Chill Dara. |
| **Pobail Cliste** | Tacú leis an líonra Sráidbhailte Cliste atá ag teacht chun cinn i gCill Dara Thiar Thuaidh.<br><br>Tacú le cláir Pobal Cliste chun acmhainn an phobail a fhorbairt, do phobail thar an chontae. | Méadú ar líon na ngrúpaí pobail atá ag tabhairt faoi tionscnaimh digiteacha ar fud an chontae. | Comhairle Contae Chill Dara<br><br>Comhpháirtíocht LEADER Chill Dara<br><br>Ollscoil Maigh Nuad |
| **Ionchuimsiú Digiteach do Ghach Aois** | Déanfar teagmháil le Oifig Náisiunta an Chláir Aoisbháúla thart ar fheidhmiú an Chláir um Tithe Aoisbháúla agus tionscnaimh teilea-shláinte a úsáideann teicneolaíochta chun tacú le daoine breacaosta chun leanúint le maireachtáil ar bhonn neamhspleách.<br><br>Roinn nua 'óige' a fhorbairt ar ghréasáin CCCD, ag baint úsáid as digitiú chun teagmháil agus comhoibriú le daoine óga thart ar seirbhísí údaráis áitiúla agus próisis forbartha áitiúla a fheabhsú. | Forbairt ar thionscnaimh nua teicneolaíochta cúnta agus teilea-shláinte le daoine breacaosta i gCill Dara<br><br>Áis nua digiteach óige-dhírithe chomhtháithe i suíomh gréasáin CCCD. | Comhairle Contae Chill Dara<br><br>Clár Aoisbháúil Chill Dara<br><br>Seirbhísí Óige InSync |
| **Tacú Digiteach do Ghníomhú ar son na h-Aeráide** | 'Léarscáil Idirghníomhach d'Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe' do Chill Dara a fhorbairt; léarscáiliú ar an obair, na tionscadail agus na tionscnaimh a tugtar idir láimhe ag pobail áitúila go bhfuil SFI á sholáthar acu.<br><br>Seachtain bhliantiúil um Ghníomhú ar son na h-Aeráide a úsáid mar ardán chun tionscadail dea-chleachtais a léiriú le teicneolaíochtaí digiteacha ag soláthar maidir le ghníomhú agus spriocanna ar son na h-aeráide | Áis digiteach nua a léarscáileann an raon leathan de thionscnaimh forbartha inbhuanaithe thar Chill Dara<br><br>Méadú ar fócas ar réitigh digiteacha laistigh de chlár na Seachtaine um Ghníomhú ar son na h-Aeráide | Comhairle Contae Chill Dara<br><br>LPP Chill Dara |
| **Áiseanna Cultúrtha agus Oidhreachta Chill Dara a fheabhsú** | Tugann Straitéis Bhríde 1500 deiseanna suntasacha do theicneolaíocht eispéiris nua a chruthú do chuairteoirí, scéal uathúil oidhreachta Chill Dara a insint agus próifíl Chill Dara a ardú le turasóirí agus lucht spéise náisiúnta agus domhanda.<br><br>Tacú le forbairt Páirce Tailte Móna Náisiúnta nua le Páirc Oidhreachta na Loilí Móire mar chroílár agus ionad cuairteoirí, chun larnacht teicneolaíochtaí digiteacha a léiriú, le eispéiris cuairteoirí nua, áiseanna oideachais agus fiú amháin tionscadail dícharbónaithe á sholathar laistigh den pháirc nua. Feachtas promóisin nua a fhorbairt don eispéireas RF Finscéalta Chill Dara. | Méadú ar líon na n-áiseanna, tarraingtí agus imeachtaí cultúrtha agus oidhreachta áitiúla, agus a n-ofráil a fheabhsú trí teicneolaíochtaí nua a úsáid | Comhairle Contae Chill Dara<br><br>Comhpháirtiocht Aistrithe Cóir<br><br>Páirc Oidhreachta agus Thaiscéalaíochta na Loilí Móire<br><br>Ionad Oidhreachta Bhaile Chill Dara |

# Colún 4:  Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí Leabharlainne Digiteacha | Beidh Leabharlann agus Ionad Cultúrtha nua An Náis, atá le n-oscailt i 2022, ina spás agus áis iontach chun teicneolaíochta cruthaitheachta, agus an príomh-ról gur féidir le digitiú a ghlacadh i seirbhísí leabharlainne agus ealaíon na linne seo, a thaispeáint.<br><br>Leanúint le EDUROAM a chur chun cinn thar líonra na leabharlainne.<br><br>Digitiú ar chnuasach Staire Áitiúla agus Cartlanna a fhorbairt agus leanúint le forbairt agus cur chun cinn ar seirbhísí r-Staire Chontae Chill Dara agus suíomh gréasáin nua na Leabharlainne.<br><br>Leanúint le cláir dírithe traenála litearthachta digiteacha TF mar fhreagra ar riachtanais úsáideoirí, e.g. Ambasadóirí Digiteacha Aoisbháúla, Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh etc. | Spás leabharlainne nua a thaispeánann dea-chleachtas i seirbhísí leabharlainne digiteacha.<br><br>Méadú ar rochtain ar WiFi ard-chaighdeáin do mhic léinn i gCill Dara trí líonra na leabharlainne.<br><br>Cnuasach Staire Áitiúla agus Cartlanna na Leabharlainne a aistriú go h-áis digiteach nua.<br><br>Cúrsaí i litearthacht digiteach, saor in aisce agus inrochtana, á chur ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne ar fud an chontae. | Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara<br><br>LíonÚAO |
| Seirbhísí Ealaíon Digiteacha | Suíomh gréasáin nua Seirbhíse Ealaíon Chill Dara a fhorbairt.<br><br>Leanúint le cláir chun acmhainn an phobail a fhorbairt a sholáthar d'ealaíontóirí áitiúla, le fócas ar úirlisí digiteacha a úsáid agus lucht spéise digiteacha a fhás.<br><br>Tacú le Music Generation Chill Dara chun clár leathan ceoil a sholáthar a chuimsíonn teicneolaíochtaí digiteacha, foghlaim ar-líne agus comh-fhoghlaim. | Suíomh gréasáin nua cairdiúil do Sheirbhís Ealaion Chill Dara.<br><br>Méadú ar thacú acmhainne pobail digiteach a fhorbairt d'ealaíontóirí áitúla.<br><br>Méadú ar thacú acmhainne pobail digiteach a fhorbairt do cheoltóirí agus léirtheoirí oga. | Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara<br><br>Music Generation Chill Dara |
| Nascadh Bailte / Malartú Cultúrtha | Scrúdú a dhéanamh ar a scóp atá ann do theicneolaíocht digiteach feabhas agus luach a chur leis an líonra de bhailte nasctha atá ag Cill Dara cheana féin.  Chuimseodh seo páirtíochta gnó digiteacha, naisc agus malartuithe pobail agus imeachtaí nasctha fíorúla. | Tionscnaimh digiteacha nua agus naisc cultúrtha feabhsaithe laistigh de líonra nasctha idirnáisiúnta Chill Dara | Comhairle Contae Chill Dara |
| Tacaíochtaí Digiteacha do Chomh-Obair | Polasaí agus tacaíocht do chomh-obair agus cian-obair a chumasú, lena n-áirítear seirbhísí agus úirlisí digiteacha d'fhoireann na h-earnála poiblí ina róil. | Líon na bhfostóirí san earnáil poiblí atá páirteach i gcian-obair nó i gcomh-obair. | Comhairle Contae Chill Dara |

# Cás-Staidéar: Scéalta Pobail Chill Dara

Is tionscadal teagmhála pobail é Scéalta Pobail Chill Dara, ó Rannóg Pobail agus Culturtha Chomhairle Contae Chill Dara.

Ag obair den chuid is mó ar ardán Facebook, oibríonn Scéalta Pobail Chill Dara mar sárthaispeántas do leithead agus éagsúlacht na h-oibre pobail atá idir láimhe agus faoi thacaíocht ó Chomhairle Contae Chill Dara, i bpáirtíocht le grúpaí pobail agus deonacha.  I measc na téamaí agus earnála san áireamh tá forbairt pobail, deontais pobail, spóirt, áiseanna, for-rochtain aoisbháúil, Líonra Páirtíochta Poiblí Chill Dara, imeascadh, nascadh bailte agus comhphóilíneacht.

Cuirtear fócas san ardán ar ghníomhaíocht pobail cosmhuintire, agus tugtar cion laethúil gan béarlagair faoi pobail áitiúla, gan úsáid a bhaint as postanna urraithe nó íomhánna stoic.

Tá an-éileamh agus teagmháil anois ar Scéalta Phobail Chill Dara mar ardán pobail digiteach.  Láinseálta i mí Shamhna 2018, tá 8,700 leantóir anois ag a leathanach Facebook, le aimsiú suas go 97,500 ag poist aonair.  Bhí aimsiú iomlán de 1.9 milliúin i 2021, le 60,000 amharc bainte amach freisin.



# Cás-Staidéar: Eispéaras RF Finscéalta Chill Dara

Eispéireas réaltachta fíorúla úrscothach é 'Finscéalta Chill Dara', atá ar fáil ag Oifig Turasóireachta agus Ionad Oidhreachta Bhaile Chill Dara.  Beireann an t-eispéireas tumthach 3T cuairteoirí siar sa stair, chun foghlaim faoi oidhreacht, miotaseolaíocht, béaloideas agus stair saibhir sean-Chill Dara.

Cuirtear fáilte roimh chuairteorí ag a dtreoraí Meán-Aoiseach féin, a chuireann an láthair rompu agus a thugann chun an spás tiomnaithe iad, ina cuirtear tús leis an eachtra. Nuair a cuirtear na fearais cinn RF orthu, téann na cuairteoirí isteach i ndomhan réaltachta fíorúil, ina dtéann siad thar sean-tírdhreachagus lonnaíochtaí Chill Dara agus iad á dtumadh i scéalta na Fianna, Bandé Bhríde, Naoimh Bhríde agus teacht na Normannach do cheann de na bailte is sine in Éirinn.

Foghlaimaíonn cuairteoirí freisin faoi stair láithreacha meán-aoiseacha Chill Dara, ina measc Ard-Eaglais agus Cloigtheach Bhríde agus an Sean-Teampall Tine.

Tá an t-eispéaras RF ar fáil i dteangacha éagsúla, ina measc Béarla, Gaeilge, Fraincís, Gearmánais agus Sínis, agus forbraíodh é le maoiniú ó Fáilte Éireann agus Comhairle Contae Chill Dara.





# Colún 5: Seirbhísi Poiblí Digiteacha

Tá Plean Forbartha Digiteacha agus TFC ar leith ag Comhairle Contae Chill Dara, agus beidh seo mar chroílár do Cholún 5 i Straitéis dhigiteach Chill Dara. I measc na príomh-phrionsabail a thacaíonn leis an plean seo tá:

- Néal ar dtús d'Aip agus Sonraí
- Léibhéal ard Cibearshlándála TF
- Rolladh amach seirbhísí ar-líne do shaoránaigh agus comhaltaí
- Feabhsú ar rochtain ag Ghréasán
- Athchóiriú ar Seomra na Comhairle le feistiú CA / TF chun cian-cruinnithe, cruinnithe hibrideacha agus sruthú beo a chumasú
- Nualaíocht Próiseas agus Sármhaitheas Oibríochta (URP)
- Rialachas TF – Rialachas Sonraí (RGCS, Sonraí Oscailte)
- Feidhmiu breise ar CFG

Beidh traenáil i bhfeidmithe agus córais nua ina ghné criticiúil d'aistriú cultúir na h-eagraíochta go digitiú.

Déanfar roinnt de ghnéithe eachtracha na seirbhísí poiblí a sholáthar ag foireann agus bainistíocht na Seirbhísí Leabharlainne ag láithreacha straitéiseacha thar líonra na leabharlainne.



## Aidhmeanna agus Gníomhartha Straitéiseacha

- Leanúint le taighde a dhéanamh agus úsáid a bhaint as dul chun cinn teicneolaíochta chun seirbhísí leabharlainne digiteacha a fheabhsú thar líonra na leabharlainne
- Cinntiú go mbeidh Leabharlann agus Ionad Culúrtha nua An Náis, agus leabharlanna nua eile, mar ionaid do theicneolaíochtaí cruthaitheacha digiteacha mar priontáil 3T, úirlisí RF agus RB agus teicneolaíochtaí oideachais agus cruthaitheacha digiteacha eile
- An Foireann Digiteach agus TF a fhorbairt agus a thógáil i gComhairle Contae Chill Dara
- Leanúint le leibhéal ard d'fheabhsú ar seirbhís do chustaiméirí agus clár nuálaíochta, agus BCC roghnaithe á úsáid
- Aistriú ó sonraí a ostáil ar suíomh go sonraí agus feidhmithe a ostáil ar néal lasmuigh / poiblí
- Feidhmithe féin-seirbhíse a fhorbairt do Shaoránaigh agus Comhaltaí araon
- Athchóiriú digiteach ar Seomra Comhairle Chill Dara chun cruinnithe hibrideacha agus sruthú beo a chumasú
- Tacú le cultúr Nulaíochta Próiseas thar an údaráis
- Tacú le Tionscadail Glasa, e.g. oifigí gan páipéar, cian-obair agus comhdháil agus rochtain ar-líne ar seirbhísí

## Colún 5

## Seirbhísí Poiblí Digiteacha

## Anailís

### Láidreachtaí Chill Dara

Ta forbairt agus meadú an-éachtach tagtha ar thacaíaochtaí digiteacha agus deiseanna foghlama trí Seribhísí na Leabharlainne le blianta beaga anuas, go h-áirithe ar an leibhéal neamh-fhoirmiúil ag na foinsí atá os comhar an phobail. Is féidir é seo a mhéadu agus a athchruthú trí Straitéis Dhigiteach Chill Dara de réir mar a aithníonn Comhairle Contae Chill Dara deiseanna nua chun seirbhísí agus faisnéis níos fearr agus níos inrochtana a sholáthar don phobal, agus, as seo, tacú le h-éifeachtúlacht i soláthar seirbhísí, dícharbonú agus comhtháthú pobail.

Taobh amuigh de TF laistigh agus Athrú Digiteach, agus éabhlóid ar sheirbhísí poiblí digiteacha, tá Comhairle Contae Chill Dara ag déanamh forbairt ar fhaisnéis, tacaíochtaí, líonraí agus áiseanna chun cabhrú le Cian-Oibriú agus Oibriú Solúbtha laistigh den eagraíocht agus thar an bhunús fiontair áitiúla.

### Deiseanna agus Barúlacha

Is í Comhairle Contae Chill Dara, mar phríomh-pháirtí sa straitéis dhigiteach áitiúil, an eagraíocht comh-ordaithe idir rialtas agus saoránaigh, agus caithfidh sí ceannasaíocht agus tacaíocht a thabhairt san aistriú go digiteach. Mar sin, tá clár Athraithe Digiteacha i seirbhísí poiblí agus córais laistigh á chomh-ordú agus a fheidhmiú faoi Colún 5, chun seirbhísí agus áiseanna digiteacha a thabhairt chun cinn.

Cuirtear eolas leis an eabhlóid seo de seirbhísí poiblí níos fearr agus córais fáisnéise agus cumarsáide néal-bhunaithe níos sábhailte d'fhorbairt eagraíochta istigh ón straitéis nua Rialtas Cónasctha 2030, agus ón Straitéis TFC do Sheirbhísí Poiblí a d'imigh roimhe.

### Dea-Chleachtas


**Submit. Com – Comhairle Contae Chill Dara**

Cuireadh Deontais Pobail agus Deontais OFÁ Chomhairle Contae Chill Dara ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí i 2020, agus úsáid á bhaint as ardán foirmeacha nua ar-líne 'submit.com'. Tá úsáid agus soláthar feidhmithe an chórais seo á mhéadú thar an údaráis chun freastal ar mórán earnála eile de seirbhísí do chliaint.

**Tairseach Ar-Líne – Comhairle Contae Chill Dara**

Tugadh cabhair do sheirbhísí tithíochta Chomhairle Contae Chill Dara i 2020 chun seirbhís ar-líne d'íocaíochtaí cíosa a láinseáil, agus bhain 95% de chliaint úsáid as.

# Ionad Oibre Digiteach ag Comhairle Contae Chill Dara



Cultúr agus Feasacht

Comh-Oibriú

Timpeallacht Oibre Fíorúla

Líonrú Saoráideach

Leanúnachas Dáilte agus Feabhsú ar Phróisis

Slándáil Oiriúnaitheach

# Colún 5:  Gníomhartha

| Tag. Tionscadail agus Teideal | Cur Síos ar Ghníomhaíocht | Priomh-Thorthai | Comhpháirtithe agus Amfráma |
|---|---|---|---|
| **Rolladh amach leanúnach ar ardáin r-Rialtais – r-Pleanáil** | Seirbhísí digiteacha poiblí breise a sholáthar do shaoránaigh ar-líne, ina measc seirbhísí digiteacha nua agus/nó uasghrádaithe do phríomh-earnála gnó Údaráis Áitiúla do hseirbhísí saoránach agus cliant. Áireofar le seo tairseach nua do Chomhaltaí a láinseáil, seirbhísí tosaigh r-Pleanála a rolladh amach agus tairseach nua fíordheimhnithe do shaoránaigh a fhorbairt. | Tairseach do shaoránaigh a chruthú, a dhéanfadh na seirbhísí ar-líne do shaoránaigh a óstáil | Comhairle Contae Chill Dara, GBRÁ agus príomh-pháirtithe TF<br>• Tairseach nua do Chomhaltaí a láinseáil i R3 de 2022<br>• R-Pleanáil a láinseáil (cumas chun iarratas a chur isteach go leictreonach ar-líne)<br>• Tairseach nua fíordheimhnithe do shaoránaigh a fhorbairt i 2023 |
| **Digitiú leanúnach ar sheirbhísí do shaoránaigh agus Comhaltaí chun feabhas a chur ar soláthar seirbhísí** | Áiseanna breise a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chomhaltaí chun teacht ar seirbhísí na comhairle.  Forbairt leanúnach ar seirbhísí digiteacha do shaoránaigh ag baint úsáid as GBRÁ, SUBMIT.COM, MyCOCO agus tionscadail Tógála le Roinnt (TLR) údárás áitiúil. | Tairsigh do saoránaigh agus comhaltaí a fhorbairt le h-aghaidh rochtana éasca do ghach seirbhís ar-líne | Mar atá thuas |
| **Cur chuige 'Néal ar dTús' a ghlacadh maidir le Feidhmithe Gnó a eagrú sa todhchaí** | Cur chuige 'Néal ar dTús' do sheirbhísí TF nua a óstáil chun soláthar níos daingne agus níos solúbtha a chinntiú, agus níos mó d'infreastruchtúr TF ar-suíomh a bhogadh don néal.  Leanúint  le seirbhísí eile cúil-oifige na Comhairle a aistriú don néal, mar chuid den uasghrádú ar seirbhísí. | Eabhlóid agus uasghrádú ar córais agus seirbhísí TF | Córas  Riaracháin Pleanála nua a fháil i R4 de 2022 |
| **Feabhas a chur ar faisnéis a sholáthar do shaoránaigh agus Comhaltaí trí ardáin gréasáin, tairsigh agus CFG** | Daonlathas digiteach agus teagmháil le saoránaigh trí rochtain níos fearr ar sonraí agus cinnteoireacht i gcreatlach rialtais áitiúla.  Áireofar le seo athchóiriú ar chumais Closamhairc i seomra na Comhairle chun cruinnithe Comhairle hibreadacha a éascú, le chumas chun cruinnithe iomlán den Chomhairle a shruthú agus a chraoladh ar gréasáin. | Feabhsú ar Seomra na Comhairle agus ar seomraí cruinnithe eile na Comhairle chun cruinnithe hibreadacha agus sruthú cruinnithe araon a éascú | Comhairle Contae Chill Dara<br><br>Tairscint d'fhearas, bogearraí agus seirbhís nua i R3 de 2022 |
| **Dea-próisis Rialachais Sonraí a fheidhmiú chun tacú le cosaint sonraí agus sonraí oscailte a fhoilsiú** | Cinntiú go go gcloíann na sonraí go léir á bhainistiú ag an Comhairle le reachtaíocht uile cosanta sonraí (RGCS) agus sonraí oscailte.  Ba cheart é seo a bhainistiú le dea-chórais rialachais sonraí laistigh den eagraíocht.<br><br>Chuaigh Comhairle Contae Chill Dara i ngleic le díoltóir trid an gcreatlach náisiúnta chun cabhrú le iniúchadh ar na sonraí agus an catalóg sonraí agus an | Coiste Rialacais Sonraí agus inúchadh iomlán a chruthú le aidhm chun catalóg sonraí a chruthú, chun tacair agus bunachair sonraí oscailte a fhoilsiú do thairsigh na comhairle agus náisiúnta araon | Comhairle Contae Chill Dara<br>• Cruthaíodh Rialachas Sonraí i 2021<br>• Cuireadh tús le iniúchadh sonraí i Meitheamh 2022 le plean go mbeadh tairseach sonraí agus iniúchtha ar fáil faoi dheireadh R3 de 2022 |

# 6 Conclúidí agus Moltaí

Mar an chéad Straitéis Dhigiteach do Chill Dara, ní amháin go léiriónn Cill Dara Cónasctha tionscadail agus deiseanna forbartha digiteacha, ach freisin leagtar síos inti cur chuige agus mian maidir le cén sort de sochaí agus geilleagar digiteach gur mhaith léi cruthú dá saoránaigh agus ghnólachtaí.

Tá géarghá anois leis an straitéis a chur chun cinn le na geallsealbhóirí go léir agus thar líonraí sochaí sibhialta, chun comh-pháirtiocht fairsing agus eagsúil a thógáil lena bhfeidhmiú thar na 3 go 5 bliain amach romhainn. Tarlóidh seo ar leibhéil fhoirmiúla agus neamh-fhoirmiúla araon, agus Fóram Digiteach Chill Dara á úsáid lena rialachas agus bainistíocht. Caithfidh go mbeidh feidhmiú agus monatóireacht greamaithe go daingean leis na pobail agus na geallsealbhóirí go bhfuil siad dírithe orthu nó á éascú acu. Ba cheart Seampín Digiteach a cheapadh do ghach ceann de na cúig colún chun bheith i gceannas ar ghach polasaí agus gníomhaíocht faoin téama éagsúil sin. Caithfear freisin go mbeidh ionadaíocht ar an bhFóram ó chomhaltaí tofa, agus cinntiú go mbeidh ionadaíocht ó ghach Ceantar Bardasach ar Fóram Digiteach Chill Dara. Léirítear moladh maidir le próifíl eagraíochta agus struchtúr d'Fhóram Digiteach Chill Dara in Aguisín B.

I dteannta le Fóram Digiteach Chill Dara, moltar méadú agus ardú ar fheidhm digiteach Chomhairle Contae Chill Dara. Ligfidh seo do phrionsabal Tosaíochta Digiteach gan uaim agus níos freagrúla a fheidhmiú i ngach gnó ag an gComhairle, agus freisin d'fhoireann láidir agus nasctha chun an straitéis dhigiteach a sholáthar agus chun cumas a chruthú do thionscadail níos ullmhainaí do shaoránaigh agus gnólachtaí sa todhchaí.

Maidir le seo, molaimid **Oifig Dhigiteach Chill Dara**, ina dtabharfar le chéile feidhmithe Oifige Leathahbhanda agus Teagmhála Leathanbhanda le TF agus CF, nearthaithe le áis sonraí, léarscáilithe agus CFG a chur leo. Ainmneofar feidhmithe agus róil tacaíochta breise agus tabharfar tosaíochta dóibh tar éis an oifig a eagrú.

Go téamach, tá Cill Dara Cónasctha bailithe i gcolúin feidhmithe éagsúla ach nasctha le chéile. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn na baill foirne agus an geallsealbhóireachta níos fairsinge tríd an Fóram Digiteach Chill Dara molta an comh-nascthacht seo agus é a chur chun cinn thar gach gníomhaíocht. Mar shampla, tá Infreastruchtúr Digiteach agus Nascacht i gColún 2 fíor-thábhachtach chun gach gné eile den straitéis a chumasú, agus, mar sin, tá nascacht i ngach cuid den chontae fíor-thábhacht do shláine na straitéise féin. Mar an gcéanna, tá na Scileanna Digiteacha i gColún 3 riachtanach chun sochaí daonlathach digiteach a thabhairt chun cinn i gCill Dara, agus chun cinntiú go mbeidh gach saoránach páirteach sa gheilleagar digiteach. Anuas ar seo, cuimseofar i Seirbhísí Digiteacha Poiblí i gColún 5 raon leathan de ghníomhaíacht ó thionscadail agus tacaíochtaí leabharlann-bhunaithe go h-aistriú digiteach thar raon de seirbhísí do chliaint á sholáthar ag an Údarás Áitiúil agus a gcórais TF chun an trasfhoirmiú sin a chur chun cinn.

Tá sé tábhachtach go léiríonn an straitéis, atá nuálach agus a fhéachann don todhchaí, na riachtanais éagsúla atá sa tsochaí. Aithnítear sa taighde agus sa chomhairliúchán dúbailteacht Chill Dara i gcomhthéacs uirbeach agus tuaithe, agus an mí-chothromacht, le tuiscint agus go fóirúil, a thagann ón dúbailteacht seo. Caithfidh go mbeidh sé mar phríomh-fhócas sa straitéis tosaíocht a thabhairt do cheantair atá faoi bhrú nó ag dul siar i gcomhthéacs nasctha nó tacaíochta. Aithnítear go bhfuil an PLN, den chuid is mó, taobh amuigh de smacht ó na páirtithe áitiúla i gCill Dara, ach ta gá le fócas agus réitigh a thabhairt do cheantar atá faoi bhrú maidir le ceisteanna nasctha, lena n-áirítear an líonra PNL, agus, b'fhéidir, macsamhlú agus méadú ar an múnla seo, ag baint úsáid as áiseanna áitiúla agus náisiúnta.

# AGUISÍNÍ

Gluais Tearmaí

Aguisín A: Torthaí Suirbhéanna

A1: Suirbhé Digiteach ar Saoránaigh Chill Dara

A2: Suirbhé Digiteach Óige Chill Dara

Aguisín B: Fóram Digiteach Chil Dara – Struchtúr agus Ballraíocht

# Gluais Tearmaí

## Acrainmneacha a úsáidtear sa doiciméad seo

BOOCDCM: Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara / Chill Mhantáin

CAC: Ciste Aistrithe Chóir

CCCD: Comhairle Contae Chill Dara

CDE: Clár Digiteach na hEorpa

CF: Córais Faisnéise

CFG: Córas Faisnéise Geografaí

CIN: Corparáid Ilnáisiúntach

CLCCD: Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara

CPFÁ: Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

CTCD: Comhlachas Tráchtála Chill Dara

DGS: Dílseacht Gan Sreang

FÉ: Fiontar Éireann

FSR: Fóram Scileanna Réigiúnacha

GBM: Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéid

GFT: An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail

GSS: Gigighiotán sa Soicind

IAD/IUD: Innéacs Aibíochta Dhigiteacha / Innéacs Ullmhachta Dhigiteacha

IE: Idirlíon na n-Earraí

IDE: Iinfheistíocht Dhíreach Eachtrach

IGDS: Innéacs Geilleagair Dhigiteach agus Sochaí

ILN: Institiúid um Luach Nuálaíochta

IOA: Institiúd Ard-Oideachais

IS: Intleacht Shaorga

LAL: Leathanbhanda Ardluais

LCU: Líonra Ceantair Uirbigh

LNÉ: Leathanbhanda Naisiúnta Éireann

LPCCD: Líonra Pobail Chontae Chill Dara

LPP: Líonra Páirtíochta Poiblí

MAD: Margadh Aonair Digiteach

MSS: Meigighiotáin sa Soicind

OFÁ: Oifig Fiontair Áitiúil

OBL: Oll-Bhreisluach

OMA: Ollscoil Maigh Nuad

OTI: Olltáirgeacht Intíre

OTOD: Ollscoill Teicneolaíochta an Oir-Dheiscirt

PÁF: Pleanáil d'Áiseanna Fiontair

PEPÁ: Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil

PFC: Plean Forbartha Chontae

PLN: Plean Leathanbhanda Náisiúnta

PNL: Pointe Nasctha Leathanbhanda

RB: Réaltacht Bhreisithe

RF: Réaltacht Fhíoruil

RFTF: Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

RFTP: Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

RGCS: Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

SDS: Snáithín Don Suíomh

SMNRLO: Spás Machnaimh Nuálaíochta Réigiúin an Lár-Oirthir

T&F: Taighde agus Forbairt

TF: Teicneoláiocht Faisnéise

TRLO: Tionól Réigiúnach an Lár-Oirthir

URP: Uathoibriú Róbatach Próiseas

## Téarmaí Digiteacha a úsáidtear sa doiciméad seo

**Cian-Obair:** Gníomhacht fostaithe ag cian-oibriú ó áitreabh a bhfostóirí. I measc téarmaí eile ta teile-obair, r-oibriú, comh-oibriú, oifig fíoriúil, etc.

**Dearbháin Trádala Ar-Líne:** Scéim a eagraíonn Oifigí Fiontair Áitiúla a ligeann do ghnólachtaí dul ar-líne

**Dícharbónú**: Laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa a thagann ó iompar

**Eiceachóras Digiteach:** Grúpa d'áiseanna faisnéise teicneoláiochta comh-nasctha

**Geilleagar Digiteach**: Gníomhartha gnó ar-líne agus fiontar seirbhíse digiteacha

**Meáin Digiteacha**: Meáin cumasaithe agus inaistrithe le teicneoláiochtaí digiteacha

**Meaisínfhoghlaim:** Algartaim ríomhairí a fheabhsaíonn go h-uathoibríoch le h-úsáid

**Olltiomsú Sonraí:** Tacair sonraó oll-mhóra, gur féidir iad a anailísiú go h-uathoibríoch

**Pobail / Cathracha Cliste:** Pobail nó láithreacha atá gníomhach i gcomhtháthú teicneolaíochta i bpleanáil agus soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí

**Priontáil 3T:** Próiseas ina chruthaítear rud fisiciúil ó múnla digiteach trí-toiseach, de ghnáth trí raon mór de lanna tanaí ábhair a chur síos i ndiadh a chéile

**Sochaí Digiteach**: Sochaí a thógann TFC isteach sa ghnáth-shaol

**Trasfhoirmiú Digiteach**: Ríomhaireacht néil agus TFC comhtháite thar na h-eagraíochta

**WiFi4EU**: Clár maoinithe ag an AE chun líonraí WiFi poiblí a sholáthar do bhailte agus sráidbhailte

# Aguisín A: Torthaí Suirbhéanna

A1: Suirbhé Digiteach ar Saoránaigh Chill Dara

A2: Suirbhé Digiteach Óige Chill Dara

(Tagair do thuairiscí ar leith)

# Aguisín B: Fóram Digiteach Chill Dara (Struchtúr agus Ballraíocht)

